An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority

# Tuarascáil Bhliantúil 2019

# Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Póilíneachta 2019

**De réir Alt 620 (1) d'Acht an Gharda Síochána 2005 (arna leasú) agus de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú**

## Clár na nÁbhar


**Ráiteas an Chathaoirligh** .......... ii

**Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar an mBliain** .......... iv

**1. An Obair a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta** .......... 1

**2. Dul chun cinn i gcomparáid le Cuspóirí Straitéiseacha** .......... 3

**3. Gné-Alt: Athbhreithniú Dúnbhásaithe an Gharda Síochána** .......... 10

**4. Rialachas agus Struchtúr** .......... 13

**5. Faisnéis Airgeadais** .......... 23

**Aguisín 1 – Stádas Thosaíochtaí Corparáideacha 2019 ar an 31 Nollaig 2019** .......... 25

**Aguisín 2 – Athbhreithniú an Údaráis Póilíneachta ar 2019** .......... 35

**Aguisín 3 – Staitistic Comórtais do Cheapacháin Shinsearacha an Gharda Síochána 2019** .......... 37

**Aguisín 4 - Tuarascáil Airgeadais Achomair 2019** .......... 38

**Aguisín 5 – Struchtúr Eagraíochta** .......... 39

**Aguisín 6 – Ráiteas ar Rialú Inmheánach an Chathaoirligh** .......... 40

**Aguisín 7 – Úsáid Fuinnimh 2019** .......... 43


**Ár bhFís**

Is é atá mar **fhís** againn go mbeadh eagraíocht póilíneachta ann atá gairmiúil agus neamhchlaonta le freastal ar an tsochaí, eagraíocht a bhíonn ag feabhsú i gcónaí agus a bhfuil muinín ag an bpobal aisti agus a dtacaíonn an pobal léi.

> ***“….comhlacht a bhunú ar a dtabharfar An tÚdarás Póilíneachta nó, i mBéarla, the Policing Authority, chun críche maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú fheidhmeanna An Gharda Síochána a bhaineann le seirbhísí póilíneachta.”***
>
> *Reachtaíocht bhunaithe an Údaráis Póilíneachta*

## Ráiteas an Chathaoirligh

Ní féidir dada a mheas gan an comhthéacs a chur san áireamh. Tá an rud céanna fíor faoin Tuarascáil Bhliantúil seo. Tá na focail seo á scríobh fad is atá an tír ag iarraidh déileáil le géarchéim Covid-19. Agus, i dteannta le seirbhísí poiblí riachtanacha eile, tá ról ríthábhachtach ag an nGarda Síochána san obair seo. Na laethanta seo, tá léargas á thabhairt arís eile ag mná agus fir na seirbhíse póilíneachta ar an gcaidreamh atá idir an pobal agus An Garda Síochána. Is fianaise é an caidreamh sin ar thábhacht na féiniúlachta poiblí a bhaineann leis an bpóilíneacht in Éirinn agus is gné lárnach é de cháilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil don phobal a chinntiú agus a chothabháil.

Le ceithre nó cúig bliana anuas, tá infheistíocht shuntasach déanta ag An Garda Síochána i ndaoine agus in acmhainní, i gcomhaltaí den Gharda Síochána, baill foirne an Gharda Síochána agus Cúltaca an Gharda Síochána. Tá fianaise ar an infheistíocht sin le feiceáil anois. Tá fianaise le feiceáil, freisin, ar na buntáistí a bhaineann leis an gcinneadh a rinneadh in 2015 comhlacht maoirseachta a bhunú, Údarás Póilíneachta na hÉireann. Téann maoirseacht neamhspleách, láidir, phoiblí chun tairbhe an phobail agus an Gharda Síochána.

Tugann an tsochaí cumhachtaí suntasacha do na póilíní agus is é comhartha sóirt sochaithe daonlathacha go bhfuil freagrachtaí agus cuntasacht dháiríre á soláthar taobh leis na cumhachtaí sin. Tá cumhachtaí breise ag an nGarda Síochána i rith na tréimhse éigeandála seo agus baineann freagrachtaí breise leis na cumhachtaí seo. Comhlíonfaidh an tÚdarás a dhualgas poiblí trí thacú leis an eagraíocht leis an obair thábhachtach atá ar bun aige mar aon leis an bhfóram poiblí a sholáthar a chuirfidh ar chumas Choimisinéir an Gharda Síochána a bheith cuntasach do dhaoine as feidhmiú na gcumhachtaí seo.

Bliain shuntasach ba ea 2019, an ceathrú bliain iomlán atá caite ag an Údarás i mbun feidhme agus, d’fhéadfaí a rá, an bhliain deiridh dá chéad téarma, mar gheall ar an tseirbhís phóilíneachta a cuireadh ar fáil don phobal. Ba é an chéad bhliain iomlán de théarma oifige an Choimisinéara Drew Harris, agus an bhliain inar thug an Rialtas breis sonraí maidir lena fhreagairt do thuarascáil an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn. Beidh tionchar a mhairfidh go ceann i bhfad ag na cinntí seo ar an nGarda Síochána agus ar na seirbhísí a sholáthraíonn sé. Leanfar luathfhreagairt an Údaráis do chinntí an Rialtais le haighneachtaí níos mionsonraithe agus níos breithnithe de réir mar a thiocfaidh carachtar agus cruth an athraithe reachtaigh bheartaithe chun soiléire.

Glacann an tÚdarás leis gurb é an bealach is fearr chun freastal ar leas an phobail ná trí chomhlacht maoirseachta láidir, neamhspleách a sholáthar a bhfuil an acmhainn aige monatóireacht a dhéanamh air agus a bheith cuntasach as éifeachtacht agus cáilíocht na seirbhíse póilíneachta agus, tríd an méid sin a dhéanamh, feidhmiú mar fhoinse tacaíochta agus ráthóir an róil atá aige i sochaí na hÉireann. Glacann sé leis chomh maith, gur foinse ríthábhachtach de mhuinín athnuaite laistigh den Gharda Síochána agus den phobal é ról an Údaráis, ó 2017 i leith, i gceapacháin shinsearacha a dhéanamh, ag leibhéal Ceannfoirt agus ag leibhéal níos airde. Ábhar Comhrá Poiblí eagraithe ag an Údarás a chuir go mór le tuiscint níos fearr ar an ábhar ba ea an bhéim nua a leagadh ar Shábháilteacht an Phobail sa reachtaíocht bheartaithe.

Bhí go leor saincheisteanna tábhachtacha ann, ar cuireadh tús leo in 2018, agus leanadh le haird an Údaráis a leagan orthu i rith na bliana. Ba cheart tagairt a dhéanamh don Athbhreithniú Dúnbhásaithe anseo, ábhar gné speisialta sa Tuarascáil seo, mar gheall ar shuntas an ábhair, ach chomh maith leis sin, mar gheall ar

cháilíocht na freagartha, ón uair ar thosaigh An Garda Síochána ag díriú go dáiríre ar an ábhar. Oscailte, ionraic agus cuimsitheach, ábhar spreagtha ba ea an mheastóireacht agus an tuairisciú ar na ceisteanna tromchúiseacha a cuireadh, mar aon le toilteanas soiléir foghlaim ón méid a tugadh faoi deara, agus táimid ag súil, gurb ionann é agus cur chuige nua laistigh den eagraíocht chomh fada is a bhaineann le féinscrúdú agus feabhas leanúnach.

I measc na saincheisteanna suntasacha eile ar déileáladh leo tá an teip déileáil go cuí le raon cionta a measadh nach raibh oiriúnach don Chlár Athstiúrtha Óige. Níor freastalaíodh i gceart ar íospartaigh, a dteaghlaigh agus ciontóirí óga sna cásanna seo. Táimid fós ag fanacht ar an tuarascáil deiridh maidir le conas ar dhéileáil An Garda Síochána le hiarmhairtí na dteipeanna seo.

Gné thábhachtach d'aon bhreithniú nó athbhreithniú is ea gur cheart glacadh leis mar dheis foghlama agus feabhais. Sin é ceann de na buntáistí dáiríre a bhaineann leis an gcur chuige a glacadh i ndáil leis an Athbhreithniú Dúnbhásaithe. Ní tharlaíonn sé seo i gcónaí. Fianaise ba ea an phóilíneacht a rinneadh ar theagmhas oird phoiblí ar Shráid Fhreidric Thuaidh i mBaile Átha Cliath nár cuireadh ceachtanna a bhí foghlamtha ó eachtraí a tharla in An Cosán roinnt blianta roimhe sin, eachtraí ar ábhar athbhreithniú mionsonraithe agus moltaí iad, i bhfeidhm. Spreag sé seo an tÚdarás, den chéad uair, chun cumhacht a fheidhmiú chun iarratas a chur chuig Cigireacht an Gharda Síochána chun tuairisciú ar Phóilíneacht Oird Phoiblí. Ábhar plé cuimsitheach ag cruinniú poiblí idir an Coimisinéir agus a chomhghleacaithe sinsearacha ba ea an tuarascáil luachmhar a scríobhadh dá thoradh. Leanfaidh an tÚdarás le súil ghéar a choinneáil ar an réimse seo.

I measc na n-ábhar eile a áirítear in obair na bliana seo tá breithniú mionsonraithe ar an tSamhail Oibriúcháin nua don Gharda Síochána, ag leanúint ar aghaidh ón dian-rannpháirtíocht maidir le forbairt struchtúr Roinne don eagraíocht. Saincheisteanna tábhachtacha a mbeidh spéis agus rannpháirtíocht leanúnach iontu iad gnéithe feidhmithe uile Straitéis Éagsúlachta an Gharda Síochána, ról Chúltaca an Gharda Síochána agus forbairt an nóis go mbeadh staitisticí Úsáide Fornirt á bhfoilsiú go rialta.

Ar deireadh, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe san Údarás as a ndíograis agus tiomantas ón tús agus don Phríomhfheidhmeannach agus an fhoireann ar fad as a ngairmiúlacht agus tacaíocht leanúnach.

I ndeireadh na dála, is mian liom buíochas a ghabháil leis an iar-Chathaoirleach, Josephine Feehily, as an obair cheannródaíoch a rinne sí chun an tÚdarás a bhunú, é a athrú ó choincheap reachtach go dtí feidhm dháiríre, agus as an gceannaireacht, na scileanna agus an diongbháilteacht a léirigh sí lena chinntiú gur cuid lárnach de shaol na hÉireann é maoirseacht phóilíneachta. Mothóimid uainn í.



**Bob Collins**
**An 31 Márta 2020**

## Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar an mBliain

Tá maoirseacht ar fheidhmíocht an Gharda Síochána ag croílár obair an Údaráis. Tá feidhmíocht ilghnéitheach agus cuimsítear inti ní hamháin gealltanais a chomhlíonadh, ach iontaoibh agus muinín an phobail a thuilleamh chomh maith. In 2019 thugamar an luach a bhaineann le feidhmíocht a scrúdú á fhorbairt mar iarracht chomhroinnte faoi deara agus leagadh níos mó béime laistigh den Gharda Síochána ar '*nós feidhmíochta'* trína Chreat Cuntasachta Feidhmíochta féin agus go deimhin trí níos mó béime a bheith á leagan ag foireann bhainistíochta an Gharda Síochána ar fheidhmíocht.

Ag tús 2019, d'fhoilsíomar Ráiteas Straitéise 2019-2021 nua, ina leagtar amach conas a leanfaidh an tÚdarás lena phríomhfheidhm reachtúil a chleachtadh - is é sin feidhmíocht phóilíneachta a fheidhmiú. Uaidh seo, shainaithníomar tacar tosaíochtaí corparáideacha le haghaidh 2019 agus d'oibríomar i rith na bliana chun iad seo a chomhlíonadh. Tá roinnt dár bpríomhghnóthachtálacha i rith na bliana sonraithe thíos agus tá stádas iomlán na ngnóthachtálacha i gcomparáid le Tosaíochtaí Corparáideacha 2019 le fáil in Aguisín 1.

Cé gur cuid lárnach dár gcuid oibre é monatóireacht a dhéanamh ar ghnóthachtáil Phlean Póilíneachta 2019, rinneamar maoirseacht chomh maith ar roinnt príomhréimsí cosúil le hAthstiúradh Óige, an tAthbhreithniú Dúnbhásaithe, Samhail Oibriúcháin nua an Gharda Síochána, agus bainistiú samplaí DNA. I rith 2019, d'eisigh an tÚdarás 11 fhoilseachán, lena n-áirítear athbhreithniú ar Phóilíneacht Oird Phoiblí in Éirinn, a rinne Cigireacht an Gharda Síochána ar ár son. Cuireadh críoch leis an obair leanúnach atá ar bun ag an Údarás le roinnt blianta anuas ar athbhreithniú an Gharda Síochána ar rangú dúnbhásanna agus cáilíocht an imscrúdaithe dúnbhásaithe, agus d'fhoilsíomar ár mbreathnóireachtaí ar an bpróiseas agus na torthaí. Leanfar leis an maoirseacht seo in 2020 de réir mar atá na moltaí á gcur chun feidhme ag an nGarda Síochána.

Bheartaíomar ár bhfeidhm taighde a neartú in 2019 chun eolas a chur ar fáil dár gcuid oibre agus chun cur lenár dtuiscint ar ghnéithe éagsúla na póilíneachta, agus le linn dúinn é seo a dhéanamh bhronnamar dhá sparánacht tionscnaimh, mar aon le conradh chun tabhairt faoi thaighde ar eispéiris íospartach coireachta.

Spléachadh ar an obair:

- Reáchtáladh 15 chruinniú Údaráis, reáchtáladh 13 chruinniú idir an tÚdarás agus Coimisinéir an Gharda Síochána, reáchtáladh sé chruinniú go poiblí agus rinneadh iad a bheoshruthú.
- Reáchtáladh 25 Cruinniú Údaráis, 15 chruinniú le hionadaithe Sinsearacha ón nGarda Síochána ina measc.
- Reáchtáladh comórtais roghnúcháin do Cheannfoirt agus d'Ard-Cheannfoirt agus bunaíodh painéil d'iarrthóirí a bhféadfaí iad a cheapadh. Forbraíodh agus fógraíodh comórtas roghnúcháin do Choimisinéirí Cúnta i mí na Nollag 2019.
- Rinne an tÚdarás 48 ceapachán sinsearach in An Garda Síochána i rith 2019, Stiúrthóir Feidhmiúcháin amháin, naonúr Ard-Cheannfort, 10 bPríomhoifigeach agus 28 Ceannfort.
- Rinneadh scrúdú ar Shábháilteacht an Phobail i ndlínsí eile chun eolas a chur ar fáil d'ullmhúchán an Údaráis don ról a bheadh aige amach anseo i ndáil le maoirseacht a dhéanamh ar Shábháilteacht an Phobail. Mar chuid de seo, i mí Iúil 2019 i gColáiste Pobail Larkin i mBaile Átha Cliath, reáchtáladh comhrá poiblí beoshruthaithe faoin ábhar, le lucht féachana ar tugadh cuireadh dóibh.
- Rinne Coimisinéir an Gharda Síochána monatóireacht leanúnach ar leabú an Chóid Eitice rud ba chúis le sonraí agus faisnéis feabhsaithe a bheith ar fáil faoi Chomhaltaí, Baill agus Cúltaca an Gharda Síochána a bhfuil an Cód sínithe acu.
- Tugadh faoi chlár cuimsitheach de chuairteanna suímh, cruinnithe le páirtithe leasmhara, agus le haonaid agus foirne speisialaithe an Gharda Síochána, agus rinneadh athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh ar an 103 tionscnamh i bPlean Póilíneachta 2019. Foilsíodh dhá mheasúnú leathbhliantúla ar Fheidhmíocht Phóilíneachta.

- Bhí breis rannpháirtíochta le príomhpháirtithe leasmhara, Coistí Comhpháirteacha Póilíneachta agus An Garda Síochána i gceist trí chruinnithe, imeachtaí agus cuairteanna suímh.
- As an 73 táscaire feidhmíochta i dTosaíochtaí Corparáideacha 2019 an Údaráis, a thaispeántar in Aguisín 1, cuireadh 62 i gcrích ina n-iomláine. As an 11 tháscaire fágtha, ní raibh smacht ag an Údarás ar 6 tháscaire agus tá 5 tháscaire tugtha anonn lena gcríochnú in 2020.

Bhí cuid shuntasach de mheasúnú an Údaráis ar fheidhmíocht phóilíneachta indéanta mar gheall ar rannpháirtíocht dhearfach go leor d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus comhlachtaí reachtúla a roinn a gcuid ama go fial leis an Údarás chun cabhrú lenár dtuiscint ar eispéireas an phobail ar phóilíneacht a fhorbairt. Is mian liom buíochas a ghabháil leo as a dtacaíocht agus as a gcuid ama a roinnt go fial linn agus táim ag súil le leanúint leis an rannpháirtíocht sin in 2020 agus níos faide anonn.

Is mian liom buíochas a ghabháil le m'fhoireann as a ngairmiúlacht agus a dtiomantas do mhaoirseacht neamhspleách láidir ar phóilíneacht in Éirinn. Cúis spreagtha dúinn i rith 2019 chun an maoirseacht sin a chomhlíonadh agus a fhorbairt ba ea tacaíocht bhuan agus an dúshlán a chruthaigh Comhaltaí an Údaráis dúinn.

Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil lenár n-iar-Chathaoirleach, Josephine Feehily, Uasal, a chuir críoch lena téarma oifige ar an 31 Nollaig 2019. Bhí sí i gceannas ar bhunú an Údaráis Póilíneachta agus leag a cuid díograise agus tiomantais d'fheidhm mhaoirseachta láidir a bhunú bunchloch thábhachtach don obair atá á déanamh againn go leanúnach.

Cé go bhfuil go leor oibre déanta againn le ceithre bliana anuas, tá neart fós le déanamh. Táim ag súil lenár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh in 2019, agus ag an am céanna ról a bheith againn i bpleananna an Rialtais don athchóiriú póilíneachta.



**Helen Hall**
**An 31 Márta 2020**

## 1. An Obair a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta

Is gníomhaireacht neamhspleách é an tÚdarás Póilíneachta a bunaíodh ar an 1 Eanáir 2016. Is é an príomhról atá aige maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú fheidhmeanna an Gharda Síochána a bhaineann le seirbhísí póilíneachta.

Bunaíodh an tÚdarás trí achtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015 lena leasaítear Acht an Gharda Síochána 2005. Déantar foráil san Acht maidir le raon leathan feidhmeanna don Údarás, cuid acu a raibh an Rialtas nó an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais freagrach astu roimhe seo. Tá an raon iomlán feidhmeanna le fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Seo a leanas príomhfheidhmeanna an Údaráis Póilíneachta:

- Tosaíochtaí agus spriocanna feidhmíochta a leagan síos don Gharda Síochána;
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú fheidhmeanna an Gharda Síochána;
- Daoine a ainmniú le ceapadh ag an Rialtas i bpost Choimisinéir an Gharda Síochána agus Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána, i ndiaidh próiseas roghnúcháin a bheidh curtha i gcrích ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí;
- Comórtais roghnúcháin a reáchtáil le haghaidh ceapachán ag na céimeanna seo a leanas - Coimisinéir Cúnta, Ard-Cheannfort agus Ceannfort an Gharda Síochána;
- Céimeanna agus gráid shinsearacha áirithe a cheapadh agus a bhaint sa Gharda Síochána;
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar bhearta déanta ag an nGarda Síochána i ndáil le moltaí a rinneadh i dtuarascálacha Chigireacht an Gharda Síochána;
- Faisnéis agus comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais; agus
- Prionsabail phóilíneachta agus feasacht phoiblí maidir le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a chur chun cinn agus tacú le feabhas leanúnach na póilíneachta sa Stát.

Cé go bhfuil an tÚdarás freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht sheirbhísí póilíneachta an Gharda Síochána, faoi alt 26(3) d'Acht an Gharda Síochána 2005, tá Coimisinéir an Gharda Síochána cuntasach don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais chomh fada is a bhaineann le feidhmíocht fheidhmeanna an Choimisinéara agus an Gharda Síochána.

## Ár Misean

# Is é **ár misean** obair phóilíneachta den scoth a chur chun cinn trí mhaoirseacht agus rialachas atá éifeachtach agus a bhfuil meas orthu.

**Tá ár luachanna tábhachtach dúinn. Is *léiriú* iad ar ár gcultúr agus ar ár n-aitheantas agus tugann siad treoir dúinn chun nithe a bhaint amach.**

## Na luachanna atá againn



## 2. Dul chun cinn i gcomparáid le Cuspóirí Straitéiseacha

Cuireadh Ráiteas Straitéise 2019-2021 an Údaráis Póilíneachta faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an 16 Eanáir 2019 agus cuireadh faoi bhráid an Oireachtais é ina dhiaidh sin. Leagtar amach ann cuspóirí straitéiseacha agus príomhghníomhartha agus táscairí feidhmíochta an Údaráis don tréimhse trí bliana go dtí deireadh 2021. Tá an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil leis na cuspóirí seo a chomhlíonadh leagtha amach sa chaibidil seo.

**Toradh Inmhianaithe 1- Feabhas leanúnach ar phóilíneacht in Éirinn agus acmhainní poiblí in úsáid ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil ag an nGarda Síochána.**

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2019 |
|---|---|
| **Creat éifeachtach tomhais agus cuntasachta feidhmíochta curtha chun feidhme don Gharda Síochána** | • D’fhaomh an tÚdarás Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2019-2021 ar an 28 Márta 2019.<br>• Leag an tÚdarás síos Tosaíochtaí Póilíneachta le haghaidh 2019 ag féachaint don chomhairliúchán leanúnach le raon leathan páirtithe leasmhara, Coimisinéir an Gharda Síochána ina measc.<br>• D’fhaomh an tÚdarás an Plean Bliantúil Póilíneachta.<br>• Bhí rannpháirtíocht leanúnach leis an nGarda Síochána i ndáil le feidhmíocht, trí, mar shampla:<br>▪ maoirseacht ar fheidhmíocht i gcomparáid le Plean Póilíneachta 2019 ar bhonn míosúil;<br>▪ ocht gcruinniú den Choiste Straitéise agus Feidhmíochta Póilíneachta;<br>▪ i Meán Fómhair 2019 foilsíodh an Measúnú Leathbhliana ar Fheidhmíocht Phóilíneachta; agus<br>▪ tuarascáil mhíosúil Choimisinéir an Gharda Síochána chuig an tÚdarás.<br>• Cuireadh feabhas ar chur chuige an Údaráis maidir le maoirseacht feidhmíochta trí raon níos leithne táscairí feidhmíochta a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomparáid leis an bPlean Póilíneachta.<br>• Rinneadh maoirseacht spriocdhírithe ar Ráiteas Straitéise, tosaíochtaí agus plean póilíneachta an Gharda Síochána agus tugadh aird ar leith ar na réimsí seo a leanas:<br>▪ Comhdhéanamh agus struchtúr lucht oibre an Gharda Síochána;<br>▪ Úsáid Acmhainní an Gharda Síochána;<br>▪ Foghlaim agus feabhas leanúnach;<br>▪ Cultúr agus Eitic;<br>▪ Maoirseacht;<br>▪ Imscrúdú;<br>▪ Cáilíocht agus Cosaint Sonraí; |

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2019 |
|---|---|
| | ▪ Cearta an Duine agus Comhionannas;<br>▪ Cearta agus seirbhísí d'íospartaigh; agus<br>▪ Cearta agus seirbhísí do leanaí.<br><br>• Athbhreithniú leanúnach ar chur chun feidhme agus leordhóthanacht creat tomhais agus cuntasachta feidhmíochta do gach ball foirne in An Garda Síochána.<br><br>• Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt imlonnú pleanála cuimsitheach lucht oibre lena chinntiú go mbaintear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní an Gharda Síochána.<br><br>• Bhí rannpháirtíocht mheasctha chomhpháirteach agus bhreise i gceist le páirtithe leasmhara chun eolas a chur ar fáil d'obair mhaoirseachta, cearta an duine agus comhionannas agus measúnú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána. |
| **Nuachóiriú agus feabhas córasach ar an nGarda Síochána** | • Monatóireacht agus measúnú ar na córais atá i bhfeidhm in An Garda Síochána lena chinntiú go bhfuil príomh-mholtaí tríú páirtithe á gcur chun feidhme lena n-áirítear Tuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána 10 'Imscrúdú Coireachta' agus éifeachtacht bheartas an Gharda Síochána chun Plean Cur Chun Feidhme le haghaidh "Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí" a chur i gcrích.<br><br>• Glacadh páirt ghníomhach sa Ghrúpa Oibre Comhpháirteach ar Acmhainní an Gharda Síochána.<br><br>• Rinneadh maoirseacht ar threochtaí agus ar ghearáin a rinneadh i gcoinne an Gharda Síochána.<br><br>• Rinneadh caidreamh éifeachtach le comhlachtaí maoirseachta póilíneachta eile cosúil le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus Cigireacht an Gharda Síochána a chothabháil agus a fhorbairt.<br><br>• Forbraíodh caidreamh le comhlachtaí maoirseachta idirnáisiúnta a raibh eolas níos fearr ar mhaoirseacht phóilíneachta dá thoradh rud a chur le maoirseacht níos éifeachtaí agus feabhsuithe póilíneachta.<br><br>• Leanadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe agus ar struchtúir rialachais laistigh den Gharda Síochána lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hiniúchadh inmheánach, caighdeáin ghairmiúla agus bainistíocht riosca.<br><br>• Reáchtáladh seacht gcruinniú de Choiste an Údaráis um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána, agus díríodh ar an dul chun cinn a rinneadh in An Garda Síochána maidir le príomhthéamaí cosúil le hacmhainní daonna, rialachas agus bonneagar. |

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2019 |
|---|---|
| | • Rinneadh monatóireacht agus measúnú ar na bearta a chuir Coimisinéir an Gharda Síochána i gcrích chun an Cód Eitice a leabú ar fud na heagraíochta.<br>• Breithníodh agus cuireadh aiseolas ar fáil i ndáil le raon straitéisí de chuid an Gharda Síochána, lena n-áirítear an Straitéis Dhigiteach, an Straitéis Éagsúlachta agus Chomhtháthaithe agus Straitéis Chúltaca an Gharda Síochána.<br>• Reáchtáladh sraith cuairteanna suímh chuig réigiúin, rannáin, ceantair agus aonaid speisialaithe an Gharda Síochána chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar a mhéad is atá na príomhthionscnaimh sna réimsí AD agus TFC ag cumasú athrú agus athchóiriú eagraíochtúil. |

**Toradh Inmhianaithe 2 - Cultúr d'ardfheidhmíocht agus de luachanna láidre eiticiúla ar fud an Gharda Síochána**

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2019 |
|---|---|
| **Cur le cleachtais feabhsaithe chun tacú le cearta an duine agus cultúr an Gharda Síochána a fheabhsú lena n-áirítear trí (a) caighdeáin eiticiúla iompair agus cleachtais, agus (b) forálacha chun tuairisciú éagóra a spreagadh agus a éascú** | • Rinneadh maoirseacht agus dearbhú cáilíochta ar na céimeanna atá déanta ag Coimisinéir an Gharda Síochána chun an Cód Eitice a leabú agus rinneadh rannpháirtíocht leis an nGarda Síochána maidir le rolladh amach agus leabú an Chóid Eitice in 2019.<br>• Bhí diongbháilteacht an Údaráis maidir le sonraí a iarraidh agus a cheistiú i ndáil le síniú an Chóid Eitice in An Garda Síochána mar bhonn leis an tuiscint dhearfach go bhfuil sonraí níos láidre á mbailiú.<br>• Rinneadh maoirseacht ar bhearta chun caighdeáin in oifig phoiblí a chinntiú agus chun tacú le tuairisciú éagóra in An Garda Síochána.<br>• Rinneadh rannpháirtíocht leis an nGarda Síochána maidir le bearta chun déileáil le torthaí Iniúchadh Cultúir 2018 agus pleananna chun iniúchadh eile a dhéanamh in 2020.<br>• Rinneadh rannpháirtíocht leis an nGarda Síochána maidir leis an athchóiriú beartaithe ar chórais araíonachta.<br>• Rinneadh maoirseacht ar chur chun feidhme éiteas éifeachtach seirbhísí do chustaiméirí in An Garda Síochána. |
| **Córas ceapacháin seanbhunaithe, i bhfeidhm d'fhoireann uile an Gharda Síochána a thagann faoi scáth shainchúram ceapacháin an Údaráis** | • Leanadh leis an bpróiseas ceapacháin do chéimeanna sinsearacha sa Gharda Síochána, le córais a fhorbairt i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána agus de réir dea-chleachtais.<br>• Reáchtáladh comórtais roghnúcháin agus bunaíodh painéil d'iarrthóirí lena gceapadh chuig céimeanna an Cheannfoirt (Iúil 2019) |

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2019 |
|---|---|
| | agus an Ard-Cheannfoirt (Samhain 2019) agus fógraíodh comórtas do Choimisinéir Cúnta i Nollag 2019.<br>• Ceapadh 37 iarrthóir ar fad i gcéimeanna sinsearacha (9 nArd-Cheannfort agus 28 Ceannfort) i rith 2019.<br>• Próiseáladh iarratais le haghaidh grád agus líon foirne sibhialtaí ag gach leibhéal sa Gharda Síochána agus faomhadh 678 ball foirne sa Gharda Síochána ar fad. Ceapadh 11 dhuine ar fad ag gráid foirne an Gharda Síochána (1 Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus 10 bPríomhoifigeach).<br>• Rinneadh rannpháirtíocht le agus cuireadh aighneachtaí ar fáil maidir le hobair chun córais ardaithe céime do chéimeanna Sairsinte agus Cigire sa Gharda Síochána a nuachóiriú.<br>• Comhordaíodh grúpa oibre ilghníomhaireachta chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt pleanáil lucht oibre agus sibhialtachú/ath-imlonnú Gardaí chuig dualgais túslíne agus rinneadh rannpháirtíocht leis an nGarda Síochána maidir le dul chun cinn na dtionscnamh seo. |
| **Athbhreithniú a dhéanamh go leanúnach ar shocruithe le haghaidh earcaíocht, oiliúint agus forbairt chomhaltaí den Gharda Síochána agus baill foirne an Gharda Síochána** | • Rinneadh maoirseacht ar an dul chun cinn a rinne An Garda Síochána maidir leis an gCreat Feidhmíochta agus Foghlama a chur chun feidhme do Chomhaltaí den Gharda Síochána.<br>• Rinneadh monatóireacht agus athbhreithniú ar ghnéithe d'oiliúint agus d'earcaíocht an Gharda Síochána, lena n-áirítear oiliúint tiománaithe, Straitéis Foghlama agus Forbartha an Gharda Síochána a fhorbairt, agus post mar Stiúrthóir Foghlama agus Forbartha a fhaomhadh.<br>• Cuireadh oiliúint ar fáil do gach grúpa de phromhóirí Chéim III an Gharda Síochána maidir le ról maoirseachta an Údaráis. |

**Toradh Inmhianaithe 3 - Feasacht agus rannpháirtíocht láidir phoiblí maidir le saincheisteanna póilíneachta**

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2019 |
|---|---|
| **Dea-chaidreamh oibre éifeachtach le príomhpháirtithe leasmhara** | • Plean Oibre Cumarsáide 2019 an Údaráis a fhorbairt agus a chur chun feidhme.<br>• Rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara chun eolas a chur ar fáil d'obair mhaoirseachta an Údaráis.<br>• Cuireadh le feasacht ar nithe póilíneachta agus ar ábhar obair mhaoirseachta an Údaráis trí na meáin agus foilseacháin ábhartha.<br>• Rannpháirtíocht chuiditheach leanúnach leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána |

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2019 |
|---|---|
| | agus Cigireacht an Gharda Síochána.<br>• Foilsíodh raon ábhar ar shuíomh gréasáin an Údaráis ar mhaithe le trédhearcacht maidir le hobair an Údaráis a sholáthar do pháirtithe leasmhara agus don phobal.<br>• Rinneadh rannpháirtíocht le comhlachtaí póilíneachta idirnáisiúnta agus ceartais choiriúil. |
| **Rinne pobail rannpháirtíocht ghníomhach leis an nGarda Síochána trí na Coistí Comhpháirteacha Póilíneachta ar bhealach a éascaíonn cosc ar choireacht agus a fheabhsaíonn sábháilteacht agus caighdeán saoil do shaoránaigh** | • Rinneadh breis rannpháirtíochta le Coistí Comhpháirteacha Póilíneachta agus le Fóraim Phóilíneachta Pobail.<br>• Freastalaíodh ar 23 cruinniú de chuid na gCoistí Comhpháirteacha Póilíneachta agus na bhFóram Póilíneachta Áitiúil.<br>• Rinneadh obair ullmhúcháin chun iniúchadh a dhéanamh agus teacht ar thuiscint níos fearr ar phríomhthuiscintí beartais maidir le sábháilteacht an phobail chun eolas a chur ar fáil d'ullmhú meicníochtaí nua an Údaráis le haghaidh maoirseacht ar shábháilteacht an phobail mar atá leagtha amach i moltaí an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta.<br>• Tionóladh ceathrú imeacht bhliantúil comhairliúcháin an Údaráis le Cathaoirligh na gCoistí Comhpháirteacha Póilíneachta, Príomhfheidhmeannaigh na nÚdarás Áitiúil agus ionadaithe ó An Garda Síochána chun tacú le feidhmíocht fheidhmeanna CCP agus chun ionchur pobail a chur ar fáil d'obair an Údaráis.<br>• Freastalaíodh ar thrí chruinniú Chomhpháirtíocht Phóilíneachta Pobail agus Sábháilteachta i dTuaisceart Éireann mar bhreathnóirí. |
| **Cuireadh feabhas ar thuiscint an phobail ar nithe póilíneachta** | • Reáchtáil an tÚdarás sé chruinniú phoiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána agus rinneadh na cruinnithe seo a bheoshruthú agus tá taifeadtaí ar fáil ar líne chun rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoi phóilíneacht a éascú.<br>• Rinneadh scrúdú ar agus treisíodh deiseanna chun cur le tuiscint an phobail ar phóilíneacht.<br>• Forbraíodh agus seoladh suíomh gréasáin nua an Údaráis i Márta 2019 agus cuireadh feabhas ar an úsáid atá á baint as an suíomh gréasáin agus as na meáin shóisialta chun faisnéis maidir le hobair an Údaráis a chur ar fáil (lena n-áirítear cláir oibre agus miontuairiscí cruinnithe), chun cur le tuiscint an phobail ar phóilíneacht in Éirinn agus chun sraith ábhar a tharraingíonn aird ar ról an Gharda Síochána a fhoilsiú agus a scaipeadh.<br>• Reáchtáladh Imeacht Plé, a thug raon eagraíochtaí oifigiúla agus pobail le chéile, a bhí dírithe ar Mhaoirseacht Shábháilteacht an Phobail, a beoshruthaíodh agus tá taifeadadh ar fáil ar líne.<br>• Faisnéis a chur ar fáil don phobal trí rannpháirtíocht leis na meáin |

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2019 |
| --- | --- |
| | lena n-áirítear trí phreasócáidí agus preasráitis, agallaimh agus fiosrúcháin a fhreagairt go tráthúil.<br>• Coimisiúnaíodh roinnt tionscadal taighde maidir le póilíneacht agus ceisteanna maoirseachta a chuir taighdeoirí seachtracha i gcrích. Cuireadh Sparánacht Taighde ar fáil chun na tionscadail seo a mhaoiniú. |

**Toradh Inmhianaithe 4 - Dhírigh an tÚdarás - eagraíocht ardfheidhmíochta, nuálach, freagrúil agus measúil - ar a fhís agus misean**

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2019 |
| --- | --- |
| **Feidhmiú mar eagraíocht éifeachtach ina bhfuil cultúr ardfheidhmíochta** | • Mealladh agus coimeádadh daoine cumasacha, spreagtha.<br>• Forbraíodh an fhoireann trí chóras cuimsitheach bainistíochta feidhmíochta agus córas foghlama agus forbartha.<br>• Comhlíonadh riachtanais rialachais agus rialaithe mar atá leagtha amach sa reacht agus i gCóid Chleachtais.<br>• Rinneadh riosca a bhainistiú ar bhonn réamhghníomhach agus sainaithníodh agus maolaíodh rioscaí go héifeachtach.<br>• Leanadh le réitigh nuálacha a shainaithint agus a chur chun feidhme chun cabhrú le maoirseacht éifeachtach agus seirbhísí feabhsaithe póilíneachta.<br>• Reáchtáladh 15 chruinniú den Údarás, sé chruinniú go poiblí, agus bhí go leor de Chomhaltaí an Údaráis i láthair ag na cruinnithe seo. |
| **Tuarascálacha oiriúnacha agus tráthúla a chur ar fáil don Aire mar aon le comhairle faoi cheisteanna póilíneachta** | • Ráiteas Straitéise agus Tuarascálacha Bliantúla an Údaráis a ullmhú agus a chur ar fáil, go tráthúil, don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.<br>• Freagairt go pras agus go héifeachtach d’iarratais ar chomhairle nó tuarascálacha faighte ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. |
| **Socruithe idirlinne chun moltaí comhaontaithe an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta a chur chun feidhme** | • Bunaíodh grúpa oibre inmheánach chun cur leis an gclár ar athchóiriú póilíneachta i Ráithe 1 2019<br>• Cuireadh tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire i mí Feabhra 2019 maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an nGarda Síochána chomh fada is a bhaineann le Tuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána a chur chun feidhme, “Póilíneacht in Éirinn a Athrú”.<br>• Cuireadh leis an mbreithniú ar chur chun feidhme mholtaí an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn chomh fada is a bhaineann siad le feidhmeanna an Údaráis. |

| Cuspóirí | Gnóthachtálacha in 2019 |
|---|---|
| | • Cuireadh oiliúint chearta an duine ar fáil do chomhaltaí agus do bhaill foirne an Údaráis agus cuireadh feabhas ar shaineolas agus ar acmhainní Chearta an Duine.<br>• Cuireadh le ceardlanna maidir le Sábháilteacht an Phobail le Roinn an Taoisigh agus leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. |

De réir a Ráiteas Straitéise agus chun léargas a thabhairt ar iarratais bhreise ón Aire, leag an tÚdarás a Thosaíochtaí Corparáideacha le haghaidh 2019 amach ag tús na bliana mar bhealach chun a chuid oibre tosaíochta in 2019 a threorú. Tá stádas gnóthachtála na dtosaíochtaí seo ag deireadh 2019 le fáil mar eolas in Aguisín 1.

## 3. Gné-Alt: Athbhreithniú Dúnbhásaithe an Gharda Síochána

Príomhábhar machnaimh don Údarás é muinín an phobail i bpóilíneacht. Dá réir sin, dhírigh sé ar rangú dúnbhásanna ar chóras PULSE an Gharda Síochána agus ar cháilíocht na n-imscrúduithe ar dhúnbhásanna le trí bliana anuas. Baineann tábhacht le dearbhú maidir le cáilíocht agus caighdeán imscrúduithe an Gharda Síochána ar bhás chun muinín an phobail inár seirbhís phóilíneachta a chothabháil.

Tá obair an Údaráis sa réimse seo dírithe ar dhá phríomhcheist. Ar an gcéad dul síos, an raibh teagmhais á mírangú agus má bhí, an bhfuil gach rud curtha ina cheart ar bhealach cuimsitheach? Ar an dara dul síos, an raibh aon impleachtaí ann do nádúr agus cáilíocht an imscrúdaithe a rinneadh i gcásanna a sainaithníodh mar chásanna mírangaithe?

Is fianaise ar an tábhacht a bhaineann leis an obair seo atá á déanamh ag an Údarás an aird leanúnach atá á tabhairt ag an Údarás uirthi le trí bliana anuas. I rith an ama seo, pléadh an cheist go leanúnach le Coimisinéir an Gharda Síochána agus lena chomhghleacaithe sinsearacha lena n-áirítear ag 25 cruinniú an Údaráis, agus reáchtáladh 13 chruinniú go poiblí agus 12 chruinniú go príobháideach. Pléadh an cheist ag 21 Cruinniú de Choiste Straitéise agus Feidhmíochta Póilíneachta an Údaráis i rith na tréimhse sin. D'fhreastail comhaltaí d'Fheidhmeannacht an Údaráis ar naoi gcruinniú d'Fhoireann Athbhreithnithe um Imscrúdú ar Dhúnbhásanna (FAID) i Stáisiún an Gharda Síochána i gCromghlinn. Reáchtáladh 12 chruinniú bhreise idir comhaltaí an Údaráis agus baill Fhoireann Bhainistíochta an Gharda Síochána i rith na tréimhse sin.

**Céard a bhí i gceist leis an Athbhreithniú Dúnbhásaithe?**

Tagraíonn an tAthbhreithniú Dúnbhásaithe don obair shuntasach atá déanta ag foireann ildisciplíneach an Gharda Síochána, foireann a raibh comhaltaí agus baill den Gharda Síochána páirteach inti. Bunaíodh an Fhoireann Athbhreithnithe um Imscrúdú ar Dhúnbhásanna (FAID) go foirmiúil i mí Feabhra 2018. Bunaíodh an fhoireann chun tabhairt faoi phiarmheasúnú mion ar cháilíocht na n-imscrúduithe a cuireadh i gcrích i ndáil le 41 cás idir 2013 agus 2015 ag féachaint do rangú ar PULSE agus comhlíontacht leis na hoibleagáidí dearfacha faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus Alt 7(1)(c) d'Acht an Gharda Síochána 2005.

**Toradh an Athbhreithnithe**

Mar thoradh ar an bpróiseas cuireadh sraith tuarascálacha i dtoll a chéile a cuireadh ar fáil thar thréimhse trí bliana. Ba é an Fhoireann Athbhreithnithe um Imscrúdú ar Dhúnbhásanna (FAID) a chuir sé cinn de na tuarascálacha i dtoll a chéile. Leagtar amach sa chéad chúig cinn de na tuarascálacha FAID seo torthaí na n-athbhreithnithe ar 40 bás. Tugadh le chéile sa séú tuarascáil, an tuarascáil deiridh, a cuireadh faoi bhráid an Údaráis i mí na Samhna 2019, torthaí agus tátail an phróisis athbhreithnithe agus rinneadh sraith moltaí. Rinneadh mionphlé ar an tuarascáil le Coimisinéir an Gharda Síochána ag cruinniú an Údaráis i mí na Samhna 2019, agus comhaontaíodh gur cheart na torthaí agus na moltaí a fhoilsiú. Foilsíodh an tuarascáil i ndiaidh do FAID dhá bhliain a chaitheamh i mbun oibre agus mhol an tÚdarás cruinneas agus ionracas na tuarascála.

D'fhoilsigh an tÚdarás torthaí agus moltaí na tuarascála deiridh, i dteannta leis an tráchtaireacht, i Nollaig 2019. Is é seo toradh inláimhsithe obair mhaoirseachta an Údaráis a rinne iarracht athdhearbhú a sholáthar dó féin, thar ceann an phobail, faoi cháilíocht agus faoi chaighdeán an imscrúdaithe a dhéantar ar na coireanna is tromchúisí. Tugann na torthaí le fios go bhfuil deacrachtaí ag baint le rangú agus le cáilíocht sonraí agus le ceisteanna imscrúdaitheacha in 28 as an 40 cás a ndearnadh athbhreithniú orthu.

**Torthaí agus Moltaí – Saincheisteanna Mírangaithe agus Sonraí**

Soiléiríodh sa tuarascáil an cheist a bhain le mírangú nuair a tugadh le fios gur athrangaíodh 12 as an 41 bás a scrúdaíodh mar thoradh ar an athbhreithniú. Chomh maith leis sin, dhírigh an t-athbhreithniú ar PULSE a nuashonrú ar bhonn tráthúil le torthaí ó na cúirteanna níos airde agus na saincheisteanna a bhain le cáilíochtaí sonraí agus rioscaí eagraíochtúla a bhaineann leis an gcóras atá in úsáid faoi láthair chun é seo a dhéanamh. Tá roinnt céimeanna eatramhacha agus fadtéarmacha curtha i gcrích anois a chabhróidh chun cáilíocht agus beachtas na sonraí taifeadta a fheabhsú, cé gur ann fós do roinnt saincheisteanna, cosúil le tráthúlacht aistriú na faisnéise.

**Torthaí agus Moltaí – Cáilíocht Imscrúdaithe**

Chomh fada is a bhaineann le téarmaí cháilíocht an imscrúdaithe, d'éiligh na téarmaí tagartha go ndéanfaí piarmheasúnú neamhspleách ar cháilíocht na n-imscrúduithe a cuireadh i gcrích i ndáil leis an 41 cás idir 2013 agus 2015. Lorg an tÚdarás deimhniú go raibh imscrúdú déanta ar na cásanna i gceist ag an gcaighdeán riachtanach, ag féachaint do na hoibleagáidí dearfacha a bhaineann le himscrúduithe faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Aimsíodh i rith an athbhreithnithe gur bhain saincheist imscrúdaitheach amháin, ar a laghad, le 28 de na himscrúduithe, idir shaincheisteanna beaga agus shaincheisteanna níos tromchúisí ar ábhar imní iad. Is cosúil go bhfuil saintréithe cásanna cosúla nach raibh oibleagáidí Airteagal 2 á gcomhlíonadh acu ag baint le nádúr roinnt de na saincheisteanna imscrúdaitheacha sainaitheanta. Sonraítear san athbhreithniú nach raibh tionchar ag na saincheisteanna seo ar thorthaí na n-imscrúduithe i ngach ceann den 40 cás a ndearnadh athbhreithniú orthu. Anois díreoidh an tÚdarás ar mhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí ina n-iomláine agus scrúdú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun meastóireacht ar chomhlíonadh le hAirteagal 2 a dhéanamh amach anseo.

Thar aon rud eile, ní thugann na torthaí aon athdhearbhú nach ann do na saincheisteanna a tháinig chun solais níos mó. Dearbhaítear sa tuarascáil gur ann fós do na rioscaí eagraíochtúla a bhaineann le rangú agus le himscrúdú agus go mbeidh siad fós ann go dtí go gcuirfear na moltaí chun feidhme.

**Léargais Chuiditheacha**

Tá an tÚdarás sásta gurb ionann an t-athbhreithniú a rinne FAID agus saothar críochnaitheach agus molann sé ionracas na tuarascála deiridh. Ní dhéantar iarracht sa tuarascáil deiridh torthaí a lua le haon am ar leith nó le haon saincheist ar leith cosúil le heaspa acmhainní, TF nó oiliúint. Go deimhin, aithnítear sa tuarascáil, má dhéantar athbhreithniú, go n-aimseofaí tuilleadh aimhrialtachtaí - earráidí san imscrúdú, sonraí míchearta/sonraí taifeadta go mícheart, agus mírangúcháin—i gcásanna a tharla roimh 2013 agus go n-eascródh tacar cosúil torthaí agus moltaí ón athbhreithniú ar chásanna a bhaineann leis an tréimhse roimh 2013. Creidtear gurb ionann an tuarascáil seo agus athrú agus forbairt ar an gcaidreamh maoirseachta idir An Garda Síochána agus an tÚdarás.

Shonraigh an Breitheamh Peter Charleton, ina thuarascáil ar an mBinse um Nochtuithe in 2018, "go bhféadfaí iontaofacht aon eagraíochta a mheas bunaithe ar an gcaoi a bhfreagraíonn sí do na gearáin atá déanta aici" agus, gur gné lárnach de dhéileáil le neamhéifeachtúlachtaí agus le botúin, mar ghné dhosheachanta de shaol an duine, é an gá a admháil gur ann dóibh, agus tuairisciú go hionraic maidir leo agus dul i ngleic leo trí rudaí a fheabhsú. Chomh maith leis sin, shonraigh an Breitheamh Charleton 'gur cheart do na póilíní a mbotúin féin a cheistiú go hoibiachtúil.' Sa chomhthéacs seo, tá fianaise ar fhorbairt sa tuarascáil seo ar chumas agus ar dhearcadh An Gharda Síochána maidir le féinchritíc agus machnamh.

Is díol suntais é sa tuarascáil deiridh, go sonraíonn FAID gur thug sé dearcadh dearfach i leith an phróisis athbhreithnithe faoi deara i gCeantair éagsúla an Gharda Síochána, i measc Oifigeach Ceantair, Oifigeach Imscrúdaitheach Sinsearach agus foirne Imscrúdaithe agus go bhfuil "athrú suntasach cultúir tugtha faoi deara i ndáil le sonraí PULSE thar thréimhse an phróisis". Tá 200 oifigeach oilte i bpiarmheasúnú ag an nGarda Síochána anois agus is acmhainn luachmhar é seo a chiallaíonn gur féidir glacadh leis an bpróiseas athbhreithnithe mar ghnáthphróiseas. Is láidreacht laistigh d'eagraíocht é an cumas piarmheasúnú a dhéanamh agus lorgóidh an tÚdarás, mar chuid den obair mhaoirseachta atá á déanamh aige go leanúnach, fianaise go bhfuil córas piarmheasúnaithe curtha i gcrích ina iomláine agus gur gnáthphróiseas é anois laistigh den Gharda Síochána.

# 4. Rialachas agus Struchtúr

## 1. Comhaltaí an Údaráis

Foráiltear i reachtaíocht bhunaithe an Údaráis le haghaidh comhaltachta de Chathaoirleach agus ochtar gnáthchomhaltaí, ceaptha le haghaidh téarma 3 nó 4 bliana agus an fhéidearthacht go bhféadfaí athcheapadh a dhéanamh le haghaidh téarma breise faoi réir uasmhéid 8 mbliana. Bhí naonúr comhaltaí ag an Údarás le haghaidh fhormhór 2019. Bhí an triúr comhaltaí a raibh deireadh tagtha lena dtéarma i Nollaig 2018 athcheaptha cheana féin, de réir mar a fhoráiltear sa reachtaíocht, ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i Nollaig 2018. D'éirigh comhalta amháin as le héifeacht ón 18 Eanáir 2019 agus ceapadh beirt chomhaltaí ar an 29 Eanáir 2019 chun an post sin agus folúntas eile a líonadh. Tháinig deireadh le téarmaí an chéad Chathaoirligh, Josephine Feehily agus le téarma Maureen Lynott, a bhí ina Comhalta den Údarás ó bunaíodh é, ar an 31 Nollaig 2019.

Roghnaigh an Rialtas Cathaoirleach agus comhaltaí an Údaráis lena gceapadh i ndiaidh próiseas roghnúcháin a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoin bpróiseas Stateboards.ie. Níl comhaltaí den Oireachtas nó Údaráis Áitiúla, baill foirne reatha den Gharda Síochána, GSOC nó Cigireacht an Gharda Síochána incháilithe chun a bheith ina gcomhaltaí den Údarás. Bhí an Cathaoirleach ag obair ar bhonn páirtaimseartha i rith 2019 agus ceapadh na comhaltaí eile ar an mbonn go mbeadh siad ar fáil idir 4 - 6 lá in aghaidh na míosa. Tá mionsonraí maidir le Comhaltaí an Údaráis le fáil i dTábla 1, lena n-áirítear a dtéarma oifige, freastal ar chruinnithe i rith 2019, agus aon táillí a íocadh leo agus costais a thabhaigh siad in 2019 mar thoradh ar a gcuid dualgas a bheith á gcur i bhfeidhm acu.

**Tábla 1: Mionsonraí Chomhaltaí an Údaráis**

| Comhalta an Údaráis | Éag an téarma | Cruinnithe Údaráis ar freastalaíodh orthu | Cruinnithe Coiste agus Ionadaíocha[1] | 2019 Táille Bhliantúil[2] € | Costais 2019 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Josephine Feehily (Cathaoirleach) | 31/12/19 | 15 | 26 | 38,940 | 8,928 |
| Noel Brett[3] | 18/01/19 | 1 | 0 | - | 401 |
| Bob Collins | 31/12/20 | 15 | 12 | 14,963 | - |
| Vicky Conway[4] | 31/12/20 | 9 | 4 | - | - |
| Pat Costello | 31/12/20 | 14 | 8 | 14,963 | - |
| Judith Gillespie | 31/12/20 | 14 | 13 | 14,963 | 3,653 |
| Valerie Judge | 31/12/20 | 12 | 10 | 14,963 | - |
| Maureen Lynott | 31/12/19 | 6 | 3 | 14,963 | - |
| Paul Mageean[5] | 31/12/20 | 12 | 6 | 14,963 | 6,028 |
| Moling Ryan | 31/12/20 | 13 | 17 | 14,963 | - |

[1] Reáchtáladh 22 cruinniú Coiste ar fad. Lena chois sin, d'fhreastail Comhaltaí ar roinnt cruinnithe de chuid an ghrúpa oibre agus rinne siad ionadaíocht ar an Údarás ag roinnt cruinnithe agus imeachtaí eile i rith na bliana.
[2] D'fhaomh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais táillí íoctha le Comhaltaí an Údaráis le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
[3] D'éirigh an tUasal Brett as an Údarás le héifeacht ón 18 Eanáir 2019.
[4] Athcheapadh Vicky Conway, Uasal, a d'éirigh as a ról ar an Údarás i mí Iúil 2017 le héifeacht ón 29 Eanáir 2019. Is seirbhíseach poiblí í an Dr Conway agus ní raibh aon táillí á bhfáil aici faoin bprionsabal 'Aon-Tuarastal an Duine'.
[5] Ceapadh an tUasal Paul Mageean ar an Údarás le héifeacht ón 29 Eanáir 2019.

## 2. Coistí an Údaráis

Bhí roinnt Coistí ceaptha ag an Údarás in 2019 chun maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus dul chun cinn ar obair an Údaráis i ndáil lena thosaíochtaí reachtúla faoi Théarmaí Tagartha ina leagtar amach a chuspóir, a threoraíonn a gcuid oibre, agus ina leagtar amach mionsonraí nithe atá tarmligthe chuig an gCoiste lena gcinneadh. Tá na Téarmaí Tagartha le haghaidh gach Coiste agus miontuairiscí faofa na gcruinnithe a bhí acu in 2019 foilsithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis Póilíneachta.

Is mír sheasta ar chlár oibre gach cruinniú Údaráis iad nuashonruithe ó Choistí, agus tugann Cathaoirleach gach Coiste nuashonrú ó bhéal don Údarás faoin obair atá ar bun ag an gCoiste. Cuirtear páipéir ina sonraítear nithe atá le cinneadh nó le faomhadh ag an Údarás mar thoradh ar obair na gCoistí faoi bhráid lena mbreithniú ag cruinnithe an Údaráis. Cuirtear acmhainn rúnaíochta ar fáil do gach Coiste agus coimeádann Cathaoirleach an Choiste an Príomhfheidhmeannach ar an eolas faoi aon obair a bhféadfadh acmhainní breise a bheith ag teastáil lena haghaidh.

Bhí ceithre choiste bunaithe in 2019. Is comhalta é gach comhalta den Údarás de choiste amháin, ar a laghad, ach is eisceacht é an Cathaoirleach, cé nach comhalta de choiste ar bith an Cathaoirleach, féadfaidh an Cathaoirleach freastal ar chruinnithe coiste ó am go ham. Ag deireadh 2019 bhí beirt chomhaltaí sheachtracha den Choiste Iniúchta agus Riosca, comhalta seachtrach amháin den Choiste Straitéise agus Feidhmíochta Póilíneachta, agus comhalta seachtrach amháin den Choiste um Fhorbairt Eagraíochta. Tá Coiste Dearbhaithe Cáilíochta agus Rialachais Roghnúcháin Ceapacháin an Gharda Síochána faoi chathaoirleacht comhalta seachtrach ar saineolaí neamhspleách sinsearach earcaíochta é/í, agus tá comhalta den fhoireann Feidhmiúcháin Shinsearaigh páirteach sa Choiste seo freisin. Bunaíodh Grúpa Oibre de chuid an Údaráis chun freagairt thapa a éascú idir cruinnithe maidir le nithe a thagann chun solais i gcomhthéacs rannpháirtíocht an Údaráis le Clár um Athchóiriú Póilíneachta an Rialtais. Tá mionsonraí maidir le gach coiste, mar aon le ballraíocht agus cruinnithe 2019 leagtha amach i dTábla 2.

**Tábla 2: Coistí an Údaráis 2019**

| Coiste | Ballraíocht | Cruinnithe in 2019 |
|---|---|---|
| **Iniúchadh agus Riosca** | Moling Ryan (Cathaoirleach)<br>Ronan Nolan (Comhalta seachtrach)<br>Melanie Pine (Comhalta seachtrach) | **4** |
| **Dearbhú Cáilíochta agus Rialachas Roghnúcháin Cheapacháin an Gharda Síochána** | Bryan Andrews (Cathaoirleach) (Comhalta seachtrach)<br>Valerie Judge<br>Maureen Lynott<br>Moling Ryan<br>Aileen Healy (Comhalta feidhmiúcháin) | **3** |
| **Forbairt Eagraíochta an Gharda Síochána** | Bob Collins (Cathaoirleach)<br>Pat Costello<br>Valerie Judge<br>Paul Mageean<br>Melanie Pine (Comhalta seachtrach) | **7** |
| **Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta** | Judith Gillespie (Cathaoirleach) Maureen Lynott<br>Moling Ryan<br>Vicky Conway[6]<br>Ronan Nolan (Comhalta seachtrach) | **8** |

[6] Comhalta seachtrach ba ea í Vicky Conway i rith 2018 agus athcheapadh í mar Chomhalta Údaráis ar an 29 Eanáir 2019.

| | | |
|---|---|---|
| **An Grúpa Oibre um Athchóiriú Póilíneachta** | Josephine Feehily (Cathaoirleach)<br>Bob Collins<br>Judith Gillespie<br>Moling Ryan<br>Helen Hall (Príomhfheidhmeannach) | **3** |

### 3. An Fhoireann Feidhmiúcháin

Is é an ról atá ag an bhFoireann Feidhmiúcháin, faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh, beartais agus cinntí de chuid an Údaráis a chur chun feidhme. Ina theannta sin, is é an ról atá ag an bhfoireann bhainistíochta shinsearach an tÚdarás a choinneáil ar an eolas, trína chruinnithe rialta, faoi aon rioscaí ábhartha agus tacú le hobair an Údaráis tríd an tacaíocht, faisnéis agus saineolas ábhartha a chur ar fáil i ndáil le rialachas agus forbairt beartas ag leibhéal Údaráis agus Coiste.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh leagtha amach sa reachtaíocht agus i gCreat Rialachais an Údaráis. Lena chois sin, is é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta an Údaráis agus is freagracht ar leith é seo i gcomparáid le freagrachtaí rialachais chomhaltaí an Údaráis.

Tá eolas maidir le ballraíocht na foirne bainistíochta sinsearaí le fáil i dTábla.

**Tábla 3: Foireann Bhainistíochta Shinsearach 2019**

| Ról | Ainm |
|---|---|
| Príomhfheidhmeannach | Helen Hall |
| Ceannasaí Rialachais, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceapacháin agus Rúnaí an Údaráis | Aileen Healy |
| Ceannasaí Dlí, Beartas agus Taighde | Síle Larkin[7] |
| Ceannasaí Straitéis agus Feidhmíocht Phóilíneachta | Margaret Tumelty |

Ar an 31 Nollaig 2019 bhí tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh cothrom le €159,725 ar scála tuarastail Rúnaí Cúnta sa státseirbhís, atá cothrom leis an méid atá faofa ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí costais a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach a bhain lena dualgais a chur i gcrích cothrom le €12,210 in 2019.

### 4. An bealach a oibrímid

Cruinnithe an údaráis

Bíonn cruinniú iomlánach lae ag an Údarás gach mí, ach amháin i mí Lúnasa. Áirítear mar chuid de gach cruinniú, cruinniú le Coimisinéir an Gharda Síochána agus foireann shinsearach an Gharda Síochána. Ceanglaítear ar an Údarás faoin Acht ceithre chruinniú, ar a laghad, a reáchtáil go poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána gach bliain. Foilsítear sceideal na gcruinnithe don bhliain roimh ré, agus cuirtear in iúl cé mhéad cruinniú a reáchtálfar go poiblí leis an gCoimisinéir. Ó am go ham, reáchtálann an tÚdarás

[7] Bhí Síle Larkin ag feidhmiú mar Cheannasaí Dlí, Beartas agus Taighde go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2019.

cruinnithe breise nó eisceachtúla ar bhonn riachtanas, agus d'fhéadfadh go mbeadh cruinnithe leis An Garda Síochána ina measc. Le cois 11 chruinniú sceidealaithe in 2019, reáchtáladh 4 chruinniú bhreise in 2019 chun déileáil le ceisteanna a bhí ag teacht chun cinn.

Reáchtáiltear cruinnithe poiblí leis an gCoimisinéir in ionad poiblí agus tá cead ag an bpobal agus ag na meáin freastal ar na cruinnithe seo. Fógraítear na cruinnithe seo roimh ré ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Déantar iad a bheoshruthú trí shuíomh gréasáin an Údaráis, agus is féidir leis na meáin iad a chraoladh agus tá taifeadtaí cartlannaithe ar fáil ar chainéal YouTube an Údaráis.

In 2019, chas comhaltaí an Údaráis le chéile 15 huair, reáchtáladh cruinniú le Coimisinéir an Gharda Síochána agus a chomhghleacaithe sinsearacha i rith 13 de na cruinnithe sin, agus reáchtáladh sé chruinniú go poiblí.

Foilsíonn an tÚdarás an dréachtchlár oibre le haghaidh cruinnithe ar a shuíomh gréasáin seachtain roimh ré agus foilsítear miontuairiscí faofa ar an suíomh gréasáin chomh maith. In 2019, foilsíodh tuarascáil mhíosúil Choimisinéir an Gharda Síochána chuig an Údarás ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána agus an Údaráis.

Déanann an tÚdarás foráil le haghaidh cruinniú príobháideach ag gach cruinniú míosúil, cruinniú nach bhfreastalaíonn an Fhoireann Feidhmiúcháin air, agus reáchtáladh cruinniú príobháideach naoi n-uaire i rith 2019.

Trédhearcacht agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara

D'fhonn cloí leis an ardluach a mheasann an tÚdarás a bheith le hoscailteacht agus trédhearcacht, tá an tÚdarás tiomanta do chumarsáid agus rannpháirtíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara mar chuid dá obair laethúil:

- cláir oibre agus miontuairiscí cruinnithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Údaráis;
- cruinnithe a reáchtáil go poiblí, trí chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal agus trí rannpháirtíocht dhíreach le príomhpháirtithe leasmhara cosúil le coistí comhpháirteacha póilíneachta agus an tsochaí shibhialta; agus
- tuarascálacha agus ábhar eile a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

## 5. Socruithe Rialachais

Tá an tÚdarás Póilíneachta bunaithe mar chomhlacht neamhspleách reachtúil. Le linn dó a fheidhmeanna reachtúla a fheidhmiú, tá an tÚdarás go hiomlán neamhspleách agus mar chomhlacht a fhaigheann maoiniú poiblí tá sé cuntasach go cuí don Oireachtas agus don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tá an Creat Rialachais agus Rialaithe laistigh den Údarás á threorú ag:

- Acht an Gharda Síochána 2005 mar atá leasaithe;
- an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú, a bhfuil glactha ag an Údarás leis;
- an Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís, a bhfuil dualgas ar an Údarás é a chomhlíonadh ó tharla é a bheith á mhaoiniú ag Vóta Státchiste;
- moltaí Thuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey);

- An Cód Eitice don Gharda Síochána, a bhfuil glactha leis, áit ar cuí, ag an Údarás;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí,
- An Cód Caiteachais Phoiblí; agus
- Reachtaíocht, beartais rialtais agus seirbhíse poiblí agus ciorcláin eile atá infheidhme maidir le heagraíochtaí státseirbhíse.

Creat Rialachais

Tá na socruithe rialachais atá i bhfeidhm san Údarás leagtha amach go mionsonraithe i ndoiciméad Chreat Rialachais an Údaráis. Tá tacar doiciméad rialachais eile ag tacú leis seo lena n-áirítear:

- Cód Iompair do chomhaltaí agus do bhaill foirne;
- Buanorduithe;
- Scéim na dtoscaireachtaí agus nithe forchoimeádta don Údarás;
- Ráiteas Straitéise 2019-2021; agus
- Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh (lena n-áirítear Caidreamh agus Tacaíocht) leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Rinneadh athbhreithniú ar na doiciméid seo de réir mar is cuí i rith 2019 chun léargas a thabhairt ar aon athruithe ar measadh gá a bheith leo. Foilsítear na doiciméid seo ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Freagrachtaí

Tá an tÚdarás freagrach as:

- gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú agus a stiúradh;
- gach oibleagáid reachtúil infheidhme a chomhlíonadh;
- an POF agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach a choimeád cuntasach as a bhfreagrachtaí a fheidhmiú go héifeachtach;
- nithe a bhaineann le hiniúchadh, rialachas agus bainistíocht riosca;
- a chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha de rialú inmheánach i bhfeidhm agus curtha chun feidhme;
- plean straitéiseach a ullmhú agus glacadh leis; agus
- an tuarascáil bhliantúil seo a ullmhú don Údarás.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Údarás as feidhmiú a cuid dualgas agus aon fhaisnéis a sholáthar dó maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna seo a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Údarás ó am go ham.

Feidhmíonn an tÚdarás faoi fhoráil airgeadais atá vótáilte ag an Dáil go bliantúil, agus is é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta ar a bhfuil freagrachtaí gaolmhara maidir leis an timpeallacht rialaithe inmheánaigh.

Cód Iompair

Leagtar amach i gCód Iompair an Údaráis Póilíneachta na caighdeáin prionsabail agus cleachtais ba cheart a rialódh iompar Chomhaltaí agus bhaill foirne an Údaráis Póilíneachta. Seo a leanas cuspóir an Chóid:

- Tacar comhaontaithe de phrionsabail eiticiúla a bhunú do Chomhaltaí agus do bhaill foirne an Údaráis;
- Cosc a chur ar fhorbairt nó glacadh le cleachtais mhí-eiticiúla; agus
- Muinín agus iontaoibh a chur chun cinn agus a chothú i measc na gComhaltaí.

trí príomhphrionsabail a leagan amach ar cheart do chomhaltaí agus do bhaill foirne cloí leo, eadhon:

- Gníomhú ar son Leas an phobail;
- Ionracas agus Neamhspleáchas;
- Trédhearcacht;
- Rúndacht;
- Rannpháirtíocht; agus
- Cothroime.

Léirítear sa Chód tiomantas an Údaráis do na caighdeáin is airde d'iompar gnó agus ullmhaíodh an Cód chun cabhrú le Comhaltaí agus le baill foirne an Údaráis a ndualgais, cearta agus oibleagáidí a thuiscint. Chomh maith leis sin, ciallaíonn sé go bhfuil Comhaltaí agus baill foirne tiomanta cloí leis an gCód Eitice don Gharda Síochána.

Coinbhleachtaí Leasa

Tá nósanna imeachta bunaithe lena chinntiú go bhfuil forálacha Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, áit ar cuí, á gcomhlíonadh ag comhaltaí agus ag baill foirne an Údaráis. Lena chois sin, de réir Chód Iompair an Údaráis Póilíneachta do Chomhaltaí agus do Bhaill Foirne, cláraíonn comhaltaí an Údaráis a leasanna i ngnóthais eile leis an Rúnaí nuair a cheaptar iad. Chomh maith leis sin, rialaíonn an Cód Iompair coinbhleachtaí leasa i gcomhthéacs comórtas roghnúcháin atá á rith ag an Údarás agus imthosca eile ina bhféadfadh coinbhleachtaí leasa teacht chun cinn. Comhlánaíonn gach comhalta den Údarás tuairisceán bliantúil Eitice de réir cheanglais an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí.

Buanorduithe

Leagtar amach i mBuanorduithe an Údaráis na nósanna imeachta faoina bhfuil gnó an Údaráis á reáchtáil.

Scéim na dToscaireachtaí

Tá scéim toscaireachtaí comhaontaithe ag an Údarás don Údarás. Leagtar amach sa scéim:

- Údarás tarmligthe chun an caiteachas faoi thairsí comhaontaithe a fhaomhadh don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach;
- Nithe a bhaineann le rialachas atá forchoimeádta don Údarás; agus
- Feidhmeanna reachtúla an Údaráis agus a mhéad is atá siad seo tarmligthe do Choiste an Údaráis, an Príomhfheidhmeannach nó atá forchoimeádta don Údarás.

Measúnú Feidhmíochta

Rinneadh athbhreithniú féinmheasúnaithe ar éifeachtacht an Údaráis i rith 2019 de réir cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Maoirseacht á déanamh ag an Máthair-Roinn

Tá Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh (lena n-áirítear Caidreamh agus Tacaíocht) leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina sonraítear go soiléir téarmaí chaidreamh na Roinne leis an Údaráis. Déantar cur síos ann chomh maith ar na príomhróil, freagrachtaí agus tacaíochtaí a thacaíonn leis an gcaidreamh idir an tÚdarás ar lámh amháin agus an Roinn, an tAire agus an tOireachtas ar an lámh eile. Léirítear agus doiciméadaítear sa chomhaontú seo a mhéad is atá ceanglais chomhlíontachta an Chóid Cleachtais oiriúnaithe go cuí d'imthosca (lena n-áirítear méid agus neamhspleáchas) an Údaráis.

Ceanglaíonn roinnt d'fheidhmeanna an Údaráis Póilíneachta atá leagtha amach san Acht, ar an Údarás dul i gcomhairle le, comhairle a chur air nó eolas a roinnt leis an Aire nó leis an Rialtas maidir le nithe ar leith.

Reáchtáiltear cruinnithe idirchaidrimh idir foireann bhainistíochta shinsearach na Roinne agus an Údaráis ar bhonn ráithiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun nithe comhleasa a bhaineann le sainchúram an Údaráis a bhreithniú. Mar chuid de na socruithe nua cuntasachta agus maoirseachta póilíneachta, reáchtáiltear cruinniú amháin, ar a laghad, gach bliain leis an Roinn, an Garda Síochána agus an tÚdarás, agus é mar aidhm nithe a thagann chun solais i ndáil le seirbhísí póilíneachta agus freagrachtaí éagsúla gach eagraíochta a phlé agus a athbhreithniú.

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Bunaíodh Coiste Iniúchta agus Riosca, ar a bhfuil beirt chomhaltaí sheachtracha nach bhfuil baint acu leis an Údarás agus comhalta amháin ón Údarás, i mí Iúil 2016 faoi Chairt an Choiste Iniúchta agus Riosca, agus reáchtáladh 4 chruinniú in 2019. Soláthraíonn an Coiste comhairle neamhspleách don Údarás agus don Oifigeach Cuntasaíochta, lena n-áirítear i ndáil le hoiriúnacht agus diongbháilteacht chórais agus nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh, iniúchta inmheánaigh, bainistíochta riosca agus rialachais na heagraíochta.

Bainistíocht Riosca

Tá beartas agus córais chuimsitheacha bainistíochta riosca bunaithe ag an Údarás, lena n-áirítear clár rioscaí atá cothrom le dáta. Áirítear sa chlár rioscaí measúnú mionsonraithe ar phríomhrioscaí an Údaráis, agus cur síos ar na rioscaí agus rialuithe inmheánacha agus bearta atá ann chun riosca a mhaolú. Tá an Clár Rioscaí á chothabháil ag Príomhoifigeach Rioscaí an Údaráis agus déantar é a nuashonrú ar bhonn leanúnach chun léargas a thabhairt ar rioscaí nua atá ag teacht chun cinn ag gach leibhéal san eagraíocht agus chun athruithe ar rialuithe chun rioscaí a mhaolú a léiriú. Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar an gClár Rioscaí gach ráithe. Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar an gclár iomlán uair sa bhliain, ar a laghad. Is mír sheasta ar chlár oibre chruinniú míosúil an Údaráis é bainistíocht riosca agus déantar athbhreithniú ar thuarascáil mhíosúil Bainistíochta Riosca agus pléitear rioscaí sonracha. Déileáiltear le riosca agus bearta chun riosca a mhaolú i gcomhthéacs gach plé agus cinneadh suntasach a dhéanann an tÚdarás. Tá nósanna imeachta bunaithe chun riosca a bhainistiú ar fud na heagraíochta agus is mír sheasta ar an gclár oibre é ag cruinnithe bainistíochta, foirne, ball foirne agus tionscadail.

Córas na Rialuithe Inmheánacha

Tá córais agus nósanna imeachta láidre agus éifeachtacha rialuithe inmheánacha i bhfeidhm san Údarás chun comhlíontacht, de réir mar is cuí, a chinntiú le prionsabail, ceanglais agus treoirlínte ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus chun rioscaí a mhaolú. Tá athbhreithniú bliantúil déanta ag soláthróir an Iniúchta Inmheánaigh ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh lena chinntiú go bhfuil gach gné de bhainistíocht riosca agus rialú inmheánach don bhliain curtha san áireamh agus chun dearbhú a sholáthar maidir le leordhóthanacht na gcóras rialaithe inmheánaigh.

Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh don Údarás seachfhoinsithe chuig Crowleys DFK i ndiaidh próiseas soláthair a reáchtáil ag deireadh 2016, agus bronnadh conradh trí bliana i ndiaidh reáchtáil an phróisis. In 2019 baineadh tairbhe as rogha síneadh bliana a chur leis an gconradh seo. Tá Cairt Iniúchta Inmheánaigh bunaithe. Tá Clár Oibre Iniúchta Inmheánaigh bunaithe agus rinneadh roinnte iniúchtaí inmheánacha in 2019 de réir an phlean.

Soláthar

Tá an ghníomhaíocht soláthair ar fad á treorú ag an gCód Caiteachais Phoiblí a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus bhí Plean Soláthair Chorparáidigh bunaithe le haghaidh 2019. Tá beartais agus nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás chun earraí agus seirbhísí a sholáthar. Lorgaítear ceadú foirmiúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh gach caiteachas atá os cionn tairseach chomhaontaithe.

Tuairisciú Airgeadais

Bhí gach nós imeachta cuí le haghaidh tuairisciú airgeadais i bhfeidhm laistigh den Údarás in 2019, lena n-áirítear:

- Buiséad bliantúil a ndearna an tÚdarás monatóireacht ar an gcaiteachas a bhain leis, trí thagairt a dhéanamh do shainchúram reachtúil an Údaráis i rith na bliana;
- Chuir an Príomhfheidhmeannach forléargas airgeadais ar fáil do Chomhaltaí an Údaráis gach mí;
- Cuirtear tuarascálacha foirmiúla maidir le caiteachas iarmhír i gcomparáid le buiséid ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gach mí agus cuirtear tuairisc ina leith faoi bhráid an Údaráis agus an Choiste Iniúchta agus Riosca gach mí;
- Déantar ionadaíocht ar an Údarás ag cruinnithe Choiste Bainistíochta Vóta Airgeadais na hEarnála Dlí agus Cirt chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas don Ghrúpa Vótaí, pléitear aon cheisteanna coiteanna airgeadais agus déantar athbhreithniú ar mhíreanna suntasacha nua caiteachais;
- Ullmhaítear an Cuntas Leithreasa Bliantúil agus cuirtear faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste é chun é a iniúchadh; agus
- Cuirtear tuarascálacha ábhartha agus tráthúla ina bhfuil faisnéis Airgeadais agus neamh-Airgeadais ar fáil don Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach.

Reachtaíocht a Chomhlíonadh

Bunaíodh an tÚdarás faoi Acht an Gharda Síochána 2005 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha an Achta sin. Tá socruithe i bhfeidhm freisin lena chinntiú go bhfuil na forálacha reachtúla seo a leanas á gcomhlíonadh, áit ar cuí:

**Cosaint Sonraí**

Tá an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus Acht um Chosaint Sonraí 2018 á gcomhlíonadh ag an Údarás. Tá socruithe déanta lena chinntiú go bhfuil an RGCS a tháinig i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018 á chomhlíonadh agus leanadh leis an obair i rith 2019 lena chinntiú go raibh RGCS á chomhlíonadh. Tá na socruithe seo á mbainistiú ag Oifigeach Cosanta Sonraí an Údaráis agus tá an tOifigeach seo oilte go cuí agus tá líne dhíreach tuairiscithe chuig an bPríomhfheidhmeannach ar fáil. Tá fógra maidir le hOifigeach Cosanta Sonraí an Údaráis curtha chuig an Oifigeach um Chosaint Sonraí. Tá Beartas Cosanta Sonraí bunaithe ag an Údarás a áirítear ann tacar treoirlínte do bhaill foirne bunaithe ar na hocht Riail Cosanta Sonraí lena chinntiú go bhfuil RGCS agus Acht um Chosaint Sonraí 2018 á gcomhlíonadh ag an Údarás. In 2019, fuair an tÚdarás dhá Iarratas Rochtana Ábhair faoin reachtaíocht Cosanta Sonraí.

**Saoráil Faisnéise**

Soláthraíonn an tÚdarás faisnéis chuimsitheach ar a shuíomh gréasáin maidir lena chomhlíontacht leis an reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise. Áirítear anseo scéim foilseacháin a sholáthraíonn faisnéis faoi fheidhmeanna an Údaráis agus faoin ábhar a chuirtear ar fáil don phobal. Chinn an tÚdarás go luath i ndiaidh a bhunaithe foráil a dhéanamh le haghaidh an méid trédhearcachta agus ab fhéidir i ndáil lena chuid oibre agus cláir oibre agus miontuairiscí maidir lena chruinnithe agus cruinnithe coiste ar fad a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin. Déantar a chruinnithe poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána a bheoshruthú agus a chur ar fáil ar ár suíomh gréasáin. In 2019, fuair an tÚdarás 6 hiarratas Saorála Faisnéise agus tá mionsonraí maidir leo le fáil sa loga nochtuithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

**Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014**

Tá an tÚdarás tiomanta d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a bheartais agus nósanna imeachta ionas go mbeidh prionsabail chearta an duine agus go sonrach na hoibleagáidí faoi Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ('Acht 2014') á gcomhlíonadh.

Leagann an tÚdarás béim ar leith ar an gceart chun nósanna imeachta cothroma, an ceart chun príobháideachais, rochtain chothrom agus cóir chomhionann i ngach gné dá fheidhmeanna agus déanann sé tréaniarracht a chinntiú go bhfuil ár ngníomhaíochtaí ar fad á gcur i gcrích againn trí lionsa chearta an duine agus an chomhionannais. Tá ár n-oibleagáidí sa chomhthéacs seo fréamhaithe inár gcuspóirí agus gníomhaíochtaí ar fad atá leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Bímid ag obair go leanúnach chun dínit agus leas ár bhfoireann ar fad a chosaint agus chun cultúr rannpháirtíochta agus measa a spreagadh ag féachaint do na cearta agus do na prionsabail seo. Táimid ag leanúint le cóiríocht réasúnach agus gníomhartha dearfacha a scrúdú agus a chur chun feidhme lena chinntiú go bhfuil ár n-áit oibre, ár gcleachtais oibre agus modhanna cumarsáide inrochtana dár lucht oibre agus páirtithe leasmhara éagsúla. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar gach beartas agus cleachtas inmheánach lena chinntiú go bhfuil dea-chleachtas sna réimsí seo á gcomhlíonadh.

Tugann an tÚdarás aird ar Alt 42 i ndáil le soláthar, taighde agus seachadadh a sheirbhísí. In 2019, sholáthair an tÚdarás Póilíneachta oiliúint do chomhaltaí agus do bhaill foirne an Údaráis i ndáil le dualgas na hearnála poiblí faoi Alt 42 d'Acht 2014 lena chinntiú go dtuigeann an fhoireann ar fad na freagrachtaí a eascraíonn as Alt 42.

Sheol an tÚdarás a shuíomh gréasáin nua in 2019. Tá inneachar an tsuímh ghréasáin nua, i dteannta le faisnéis foilsithe eile, deartha ag cur prionsabal na cumarsáide soiléire agus inrochtana san áireamh. Tá prionsabail inrochtaineachta curtha san áireamh nuair a bhí an suíomh gréasáin á dhearadh lena n-áirítear Tionscnamh Inrochtaineachta Gréasáin (WAI) agus Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán 2.0 AAA.

Tá Oifigeach Rochtana ag an Údarás a fheidhmíonn mar phointe teagmhála idir an custaiméir agus rannóg ábhartha na heagraíochta.

Tá sainordú reachtúil ag an Údarás maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna an Gharda Síochána a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. Áirítear anseo an fhreagracht dearbhú a sholáthar do gach pobal maidir le cultúr sa Gharda Síochána a chuimsíonn na caighdeáin eiticiúla is airde, a ghlacann le héagsúlacht agus a dheimhníonn cearta daonna an uile dhuine. Déanann an tÚdarás tréaniarracht, trína ghníomhaíochtaí maoirseachta agus measúnú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána le linn dó seirbhísí maoirseachta a sholáthar, feabhas leanúnach a dhéanamh chomh fada is a bhaineann leis na prionsabail seo a leabú chun ionchais shochaí na hÉireann a chomhlíonadh seirbhís phóilíneachta a bheith aici atá ar na caighdeáin is airde de chearta an duine agus de chomhionannas.

**An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014**

Tá an tÚdarás Póilíneachta tiomanta do thimpeallacht a chothú ina mothaíonn gach duine atá ag obair san Údarás gur féidir leo "labhairt amach". Trí labhairt amach, is féidir le hoibrithe an eagraíocht a fheabhsú agus cabhrú lena chinntiú go bhfuil ardchaighdeáin á gcothabháil. Tá an tÚdarás tiomanta do chinntiú go n-éistear le haon ábhair atá ag déanamh imní do bhaill foirne, ionas gur féidir gníomh a dhéanamh chun déileáil leis na fadhbanna. Tá an tÚdarás tiomanta do chlár Sláine san Ionad Oibre *Transparency International.*

Foráiltear san Acht le haghaidh cosaintí dlíthiúla áirithe d'oibrithe a tharraingíonn aird ar ábhar imní maidir le héagóir phoitéinsiúil san ionad oibre. Leagtar amach ann céard is nochtadh cosanta ann agus cinnteacht maidir leis na cosaintí dlí atá i bhfeidhm chun oibrithe a dhéanann nochtuithe cosanta a chosaint. De réir an Achta, d'fhorbair an tÚdarás Beartas um Nochtadh Cosanta a leagtar amach ann na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun éagóir a thuairisciú de réir cheanglais Acht um Nochtadh Cosanta 2014, agus cuireadh oiliúint ar fáil maidir le conas nochtadh cosanta a dhéanamh. Leagtar amach sa Bheartas na prionsabail atá ag tacú le forbairt agus cothabháil cultúr eiticiúil san eagraíocht agus cuireadh mionsonraí oibríochtúla ar fáil maidir le conas is féidir le baill foirne agus le comhaltaí den Údarás nochtuithe cosanta a dhéanamh.

Tá nósanna imeachta bunaithe chun nochtuithe cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) d'Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Tá an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht foilsithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

# 5. Faisnéis Airgeadais

Tá an tÚdarás, le linn dó a shainordú a chur i gcrích, á mhaoiniú go díreach ón Státchiste i bhfoirm leithdháileadh bliantúil ón gCaiteachas Vótáilte.

Is é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Údaráis agus, sa cháil sin, tá sé cuntasach don Oireachtas i ndáil le gach ciste vótáilte chuig an Údarás chun seirbhísí a sholáthar.

**Caiteachas 2019**[8]

Bhí ollchaiteachas ó Vóta an Údaráis Póilíneachta le haghaidh 2019 cothrom le €2.845 milliún. San áireamh anseo bhí párolla foirne a bhí cothrom le €1.932 milliún, a bhí cothrom le 68% den chaiteachas iomlán.

Is i bhfoirm Cuntas Leithreasa Bliantúil a chuirtear ráitis airgeadais an Údaráis i láthair, Cuntas a chuireann an tOifigeach Cuntasaíochta faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh. Foilseoidh AC&C Cuntas 2019 an Údaráis i bhfoilseachán na gCuntas Leithreasa i Meán Fómhair 2020.

Soláthraítear sa tuarascáil airgeadais achomhair go dtí an 31 Nollaig 2019 in Aguisín 4 anailís ar staid an Vóta agus faisnéis ghaolmhar le haghaidh 2019. Tá an tuarascáil seo faoi réir iniúchta a bheidh á dhéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i rith 2020.

**Costais Chionroinnte**

Le cois costas atá tabhaithe go díreach ag an Údarás, ní mór costais tabhaithe ag Ranna agus ag oifigí eile a bhreithniú chun léargas iomlán a thabhairt ar an gcostas a bhaineann le feidhmiú an Údaráis.

Tabhaíodh na costais chionroinnte seo a leanas in áit éigin eile thar ceann an Údaráis:

- €8,000 faoi Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim;
- €253,000 faoi Vóta 13 – Oifig na nOibreacha Poiblí i ndáil le cíos agus seirbhísí gaolmhara le haghaidh oifigí an Údaráis;
- €4,000 faoi Vóta 18 – Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta i ndáil le AD agus Seirbhísí Comhroinnte Párolla; agus
- €48,000 faoi Vóta 24 – An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i ndáil le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

**Táillí, Tuarastail agus Costais**

Tá an táille bhliantúil atá iníoctha le Comhaltaí an Údaráis Póilíneachta le haghaidh 2019 de réir an ráta atá faofa ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe níor íocadh aon táille le seirbhísigh phoiblí a bhí ag feidhmiú ar an Údarás.

Tá treoirlínte pá an Rialtais maidir le pá POFanna agus fostaithe Comhlachtaí Stáit á gcomhlíonadh. Is státseirbhísigh iad fostaithe uile an Údaráis agus íoctar luach saothair leo de réir scálaí tuarastail na státseirbhíse de réir mar is cuí dá ngrád agus seirbhís.

Bhí an costas iomlán a bhain le párolla foirne an Údaráis in 2019 cothrom le €1.932 milliún. Méadaíodh líon foirne an Údaráis ó 32 i mí Eanáir 2018 go dtí 33 ar an 31 Nollaig 2019.

---

[8] Tá na sonraí airgeadais ar fad faoi réir iniúchta a bheidh á dhéanamh ag AC&C.

Tá eolas maidir le líon na bhfostaithe a raibh a sochair fostaithe iomlána (tá ÁSPC Fostóra san áireamh, níl costais phinsin fostóra san áireamh) íoctha in 2019 a bhain leis na bandaí pá seo a leanas le fáil sa tábla thíos:

| Banda Pá | Líon na bhFostaithe |
|---|---|
| €60,000 - €70,000 | 1 |
| €70,000 - €80,000 | 3 |
| €80,000 - €90,000 | 2 |
| €90,000 - €100,000 | 2 |
| €100,000 - €110,000 | 3 |
| €120,000 - €130,000 | - |
| €130,000 - €140,000 | - |
| €140,000 - €150,000 | - |
| €150,000 - €160,000 | - |
| €160,000 - €170,000 | - |
| €170,000 - €180,000 | 1 |

Bhí cúiteamh comhiomlán fhoireann bhainistíochta shinsearach an Údaráis in 2019, tuarastail agus ÁSPC Fostóra san áireamh, cothrom le €458,253. Lena chois sin, íocadh costais iomlána de €18,065 i ndáil le taisteal a rinne an fhoireann bhainistíochta shinsearach le linn dóibh dualgais oifigiúla a chur i gcrích.

Íoctar costais taistil le Comhaltaí an Údaráis agus le baill foirne de réir mar is cuí agus de réir Bheartas Taistil an Údaráis. In 2019 bhí an caiteachas iomlán a bhain le fáilteachas agus bronntanais cothrom le €156.

**Caiteachas Comhairleachta**

In 2019 bhain caiteachas iomlán de 29,871 le táillí comhairleachta agus comhairleora sheachtraigh, sna catagóirí seo a leanas:

- Dlí €28,395
- Comhairleach €1,476

**Cánachas**

Chomhlíon an tÚdarás a oibleagáidí faoin dlí cánach in 2019.

**An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997**

Is é polasaí an Údaráis Póilíneachta téarmaí Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 a chomhlíonadh ina n-iomláine. Tá nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás lena chinntiú go n-íoctar sonraisc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé go bhfuil na nósanna imeachta deartha chun comhlíontacht iomlán leis an Acht a chinntiú, ní sholáthraíonn siad ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú absalóideach i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha leis an Acht.

In 2019 thabhaigh trí shonrasc pionóis as íoc déanach. Bhí luach na sonrasc ar fad a íocadh déanach cothrom le €4,439.29. Bhí líon iomlán na bpionós a íocadh in 2019 mar thoradh ar íoc déanach cothrom le €207.04, arb éard a bhí ann €57.04 ús agus €150 cúiteamh.

AN tÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

## Aguisín 1 – Stádas Thosaíochtaí Corparáideacha 2019 ar an 31 Nollaig 2019

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta [1] | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|
| 1) **Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar Chur Chun Feidhme Ráiteas Straitéise an Údaráis** | • Tuairisciú ráithiúil don Údarás maidir le gnóthachtáil na gcuspóirí straitéiseacha mar atá sonraithe sna tosaíochtaí corparáideacha bliantúla | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Monatóireacht mhíosúil ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme na gcuspóirí sna tosaíochtaí corparáideacha agus tuairisc stádais ráithiúil a chur ar fáil don Údarás. | **Bainte Amach** | |
| 2) **Rialachas agus cleachtas na heagraíochta a chothabháil agus a fheabhsú** | • Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh ag an Údarás | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar chomhlíontacht leis an gCód Cleachtais | **Bainte Amach** | |
| | • Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis curtha ar fáil don Aire faoin 31 Márta 2018 | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Ullmhú Thuarascáil Bhliantúil 2018 an Údaráis<br>• Foilsiú na Tuarascála Bliantúla | **Bainte Amach** | |
| | • Leanúint ar aghaidh chun feabhsuithe a dhéanamh sna córais atá ann chun doiciméid agus comhfhreagras a bhainistiú ag teacht le feidhmiúlacht TF nua a bheith á rolladh amach ag RDCC | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Cinneadh maidir le agus measúnú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil chun Córais Bhainistíochta Doiciméad an Údaráis a fheabhsú<br>• Idirchaidreamh a dhéanamh le RDCC TFC agus OPOFR i ndáil le rolladh amach córas státseirbhíse más infheidhme | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar fhachtóirí nach bhfuil aon smacht ag an ÚP orthu - tugtha anonn chuig 2020** | Tá sé seo iarchurtha ar feitheamh rolladh amach réiteach Sharepoint ar fud na seirbhíse atá le cur chun feidhme ag RDCC in 2020. |
| | • Cur chun feidhme na seirbhísí airgeadais comhroinnte a bhainistiú | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Idirchaidreamh a dhéanamh le foireann tionscadail RCPA/FMSS maidir le garspriocanna tionscadail athbhreithnithe agus todhchaíocha.<br>• Ullmhúcháin a dhéanamh atá riachtanach chun córais a chur chun feidhme | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar fhachtóirí nach bhfuil aon smacht ag an ÚP orthu - tugtha anonn chuig 2020** | Tá moill curtha ar an tionscadal seo a bheith á chur chun feidhme ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus braitheann rolladh amach chuig an Údarás ar an tionscadal iomlán. |
| | • Tuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha agus seachtracha dearfacha agus cur chun feidhme moltaí iniúchóireachta comhaontaithe | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Comhlíontacht le córas oiriúnach de rialuithe inmheánacha a chinntí<br>• Comhoibriú le hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha. | **Bainte Amach** | |
| | • An próiseas bainistíocht riosca leabaithe níos fearr agus ag oibriú go héifeachtach | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Athbhreithniú leanúnach ar phróisis bainistíochta riosca agus clár rioscaí cothrom le dáta a chothabháil | **Bainte Amach** | |
| 3) **Cumarsáid sheachtrach a fheabhsú** | • Leagfar amach i bPlean Gníomhaíochta Cumarsáide 2019 conas a dhéanfaidh an tÚdarás cumarsáid, conas a chuirfear faisnéis ar fáil, daoine a chur ar an eolas faoi phóilíneacht agus éisteacht le páirtithe leasmhara, faofa ag an Údarás ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí Feabhra 2019 agus curtha chun feidhme ina iomláine | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Plean Gníomhaíochta Cumarsáide 2019 a fhorbairt agus a fhaomhadh<br>• Plean Oibre Cumarsáide 2019 a chur chun feidhme | **Bainte Amach** | |

| Tosaíocht | | Táscairí Feidhmíochta [1] | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | • Cúig chruinniú, ar a laghad, a reáchtáil go poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Na háiseanna agus an lóistíocht le haghaidh chruinnithe poiblí an Údaráis a bhainistiú<br>• Cúrsaí Cumarsáide le haghaidh na gcruinnithe poiblí a bhainistiú don Údarás<br>• Páipéir agus ceisteanna a chur ar fáil do na sainréimsí ábhair le haghaidh chruinnithe téamúla an Údaráis | Bainte Amach | |
| | | • 2 imeacht phoiblí comhrá maidir le raon saincheisteanna póilíneachta a fhorbairt agus a reáchtáil | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Comhrá poiblí maidir le taighde a bhaineann le hobair an Údaráis a shainaithint, a fhorbairt agus a reáchtáil<br>• Comhrá poiblí maidir leis an dara hábhar a shainaithint, a fhorbairt agus a reáchtáil | Bainte Amach | |
| | | • Tionscnamh cumarsáide atá dírithe ar dhaoine óga a reáchtáil | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Tionscnamh atá dírithe ar leanaí bunscoile a shainaithint agus a reáchtáil<br>• Tionscnamh atá dírithe ar leanaí meánscoile a shainaithint agus a reáchtáil | Ar bun - Tionscadal tugtha anonn chuig 2020 | Mar gheall ar an ualach oibre a bhaineann le tionscnaimh athchóirithe, go háirithe obair a bhaineann le maoirseacht ar Shábháilteacht an Phobail, cinneadh an obair seo a iarchur go dtí 2020. |
| 4) | An Córas le haghaidh Ceapachán in An Garda Síochána | • Comórtais roghnúcháin a reáchtáil de réir mar is gá, thar ceann an Choimisinéara Cúnta, an Ard-Cheannfoirt agus an Cheannfoirt | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Comórtas an Cheannfoirt a ullmhú agus a reáchtáil<br>• Comórtas an Ard-Cheannfoirt a ullmhú agus a reáchtáil<br>• Comórtas an Choimisinéara Cúnta a ullmhú agus a reáchtáil más gá<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis chomórtais agus cheapacháin agus iad a nuashonrú más gá | Bainte Amach | Reáchtáladh Comórtais le haghaidh Ard-Cheannfoirt agus Ceannfoirt in 2019. Fógraíodh comórtas an Choimisinéara Cúnta i mí na Nollag 2019. |
| | | • Leanúint leis an bpróiseas roghnúcháin a fhorbairt de réir dea-chleachtais | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Seirbhísí tástála agus measúnaithe a sholáthar le húsáid i ngach comórtas roghnúcháin<br>• Athbhreithnigh agus nuashonraigh próisis chomórtais agus cheapacháin de réir dea-chleachtais agus i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara | Bainte Amach | |
| | | • Freagairt go pras d'iarratais chuig an Údarás le haghaidh méaduithe ar líon agus grád chomhaltaí foirne an Gharda Síochána | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Cásanna gnó a riar agus a mheas le haghaidh faomhadh fhoireann sibhialtach an Gharda Síochána agus moltaí a dhéanamh maidir le faomhadh nuair is cuí | Bainte Amach | |
| | | • Ionchur a sholáthar don phróiseas athbhreithnithe ar na Rialacháin Ardaithe Céime, earcaíocht Gardaí agus Straitéis Chúltaca an Gharda Síochána | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le agus a chuireann le forbairt Rialacháin Ardaithe Céime an Gharda Síochána, earcaíocht Gardaí agus Straitéis Chúltaca an Gharda Síochána agus ionchur Údaráis a sholáthar<br>• Maoirseacht a dhéanamh ar earcaíocht Gardaí de réir dea-chleachtais agus riachtanas an Gharda Síochána<br>• Maoirseacht a dhéanamh ar Straitéis Chúltaca an Gharda Síochána | Bainte Amach | |

| Tosaíocht | | Táscairí Feidhmíochta [1] | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | • Iarrthóir a ainmniú ar an Rialtas lena c(h)eapadh mar Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána. | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Idirchaidreamh a dhéanamh le SCP, Coimisinéir an Gharda Síochána agus an Roinn maidir le teacht ar chomhaontú faoi na socruithe a bhaineann le feachtas earcaíochta a reáchtáil don phost de réir na reachtaíochta.<br>• Dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána, an Roinn agus SCP maidir le riachtanais an phoist agus faomhadh an Aire a lorg.<br>• Ról an Údaráis sa phróiseas go dtí agus lena n-áirítear an t-iarrthóir roghnaithe atá le ceapadh ag an Rialtas a bheith á (h)ainmniú ag an Údarás a bhainistiú. | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar fhachtóirí nach bhfuil aon smacht ag an ÚP orthu - tugtha anonn chuig 2020** | Cé gur cuireadh an próiseas a bhaineann le comórtas a reáchtáil i gcrích ina iomláine, ní raibh sé indéanta, mar gheall ar thoradh an phróisis sin, ainmniúchán a chur faoi bhráid an Rialtais. |
| 5) | **Acmhainn taighde an Údaráis a chomhtháthú agus a chomhdhlúthú** | • Straitéis agus Plean Taighde 2019 forbartha faoin 31 Eanáir 2019 | Dlí, Beartas agus Taighde | • Straitéis agus Plean Taighde 2019 forbartha agus faofa | **Bainte Amach** | |
| | | • Plean Gníomhaíochta Taighde 2019 faofa a chur chun feidhme | Dlí, Beartas agus Taighde | • Cuir chun feidhme de réir an phlean oibre comhaontaithe | **Bainte Amach** | |
| | | • An raon gníomhaíochtaí taighde atá in úsáid chun ábhar a chur i dtoll a chéile a thacaíonn le hobair an Údaráis a leathnú | Dlí, Beartas agus Taighde | • Úsáid a bhaint as gníomhaíocht choimisiúnaithe agus cheadaithe chun rochtain a fháil ar mhodheolaíochtaí nuálacha<br>• Dréachtaigh Treoir Stíle agus Tacar de Chaighdeáin Cháilíochta do Thaighde an Údaráis<br>• Póilíneachta chun tacú le gníomhaíocht cheadaithe agus choimisiúnaithe<br>• Páipéir chomparáideacha agus achoimrí táblacha a ullmhú chun tacú le hobair leanúnach an Údaráis | **Bainte Amach** | |
| | | • Fógair faoin 28 Feabhra 2019 agus bainistigh Scéim Sparánachta an Údaráis le haghaidh tionscadal taighde seachtrach | Dlí, Beartas agus Taighde | • Fógair faoin 28 Feabhra 2019<br>• Bord Meastóireachta a reáchtáil roimh dheireadh Aibreáin<br>• Déan poiblíocht ar bhronnadh na Sparánachta<br>Bainistigh ar bhonn leanúnach go dtí go bhfuil sé | **Bainte Amach** | |
| | | • Imeacht reáchtáilte le príomhinstitiúidí tríú leibhéal atá ag obair i réimsí atá ábhartha do ról an Údaráis | Dlí, Beartas agus Taighde | • Imeacht le reáchtáil faoin 14 Feabhra<br>• Athbhreithniú ar an imeacht le cur ar fáil i bhfoirm páipéir ón Údarás<br>• Scrúdú le déanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le himeachtaí leantacha a reáchtáil | **Bainte Amach** | |
| | | • Clár Taighde d'Intéirnigh le bunú | Dlí, Beartas agus Taighde | • Comhaontaigh ar chur chuige, faigh cead agus ullmhaigh sonraíocht an róil, ceadú RCPA<br>• Fógair agus cuir an scéim d'intéirngh i bhfeidhm (R. 2-4). | **Bainte Amach** | |
| 6) | **Leathnaigh agus forbair an raon beart feidhmíochta póilíneachta** | • Feabhsaigh an creat feidhmíochta trí bheartas feidhmíochta ábhartha a fhorbairt, agus tagair do dhea-chleachtas idirnáisiúnta | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Cleachtadh scóipe chun an obair a rinneadh in 2018 a shoiléiriú & plean oibre le haghaidh 2019 a fhorbairt<br>• Bearta atá á n-úsáid faoi láthair a mhapáil agus comparadóirí idirnáisiúnta ábhartha a shainaithint | **Ar bun - Tionscadal tugtha anonn chuig 2020** | Tá plean tionscadail forbartha agus tá teagmhálaithe bunaithe le gníomhaireachtaí ábhartha sa Ríocht Aontaithe agus leanfar leis an obair in 2020. |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta [1] | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|
| | • Tuiscint an Údaráis ar 'shocrú caighdeán' do phóilíneacht in Éirinn a fhorbairt i gcomhar le Cigireacht an Gharda Síochána agus comhlachtaí eile an phlean póilíneachta | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Cleachtadh scóipe a dheanamh chun gníomhaireachtaí ábhartha atá ag oibriú i gcáil maoirseachta/rialála in Éirinn a shainaithint<br>• Scrúdaigh an cur chuige atá ag comhlachtaí maoirseachta póilíneachta i ndlínsí eile maidir le socrú caighdeán<br>• Déan taighde chun príomhghnéithe cumhachtaí, feidhmeanna, reachtaíocht thacaíochta atá roghnaithe ag gníomhaireachtaí a shainaithint<br>• Reáchtáil cruinnithe le rogha de ghníomhaireachtaí chun ionchur cáilíochtúil a dhéanamh<br>• Ullmhaigh tuarascáil ardleibhéil a bheidh le breithniú ag an Údarás<br>• Déan anailís chomparáideach ar ghnéithe socruithe caighdeán na reachtaíochta nua de réir mar a leanann an próiseas reachtach ar aghaidh | **Ar bun - Tionscadal tugtha anonn chuig 2020** | Rinneadh taighde deisce i rith 2019 agus sainaithníodh agus/nó bunaíodh teagmháil le roinnt gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear i ndlínsí eile agus déanfar tuilleadh forbartha ar an obair seo in 2020. |
| | • Scrúdaigh an fhéidearthacht a bhaineann le suirbhé ar cheist a bhaineann le póilíneacht a reáchtáil | Dlí, Beartas agus Taighde | • Breithnigh réimsí féideartha suirbhé, lena n-áirítear na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le hobair a choimisiúnú nó a dhéanamh go hinmheánach<br>• Pleanáil agus bainistigh an cur chuige comhaontaithe | **Bainte Amach** | |
| | • Forbair an clár rannpháirtíochta leis na grúpaí páirtithe leasmhara | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Forbair plean rannpháirtíochta páirtithe leasmhara le haghaidh 2019<br>• Cuir plean rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara le haghaidh 2019 i bhfeidhm | **Bainte Amach** | |
| | • Tabhair faoi thaighde chun teacht ar thuiscint níos fearr ar eispéiris íospartach leis an nGarda Síochána | Dlí, Beartas agus Taighde | • Breithnigh cur chuige maidir le Tuarascáil Leantach a dhréachtú trí léirmheas litríochta agus gníomhaíochtaí eile<br>• Pleanáil agus bainistigh an próiseas tairisceana agus soláthar na tuarascála taighde | **Bainte Amach** | |
| | • Measúnaigh agus spreag forbairt chumas an Gharda Síochána plean póilíneachta bliantúil costáilte a chur i dtoll a chéile | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Athbhreithnigh leaganacha R1 agus R3 den Phlean Póilíneachta costáilte | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar fhachtóirí nach bhfuil aon smacht ag an ÚP orthu - tugtha anonn chuig 2020** | Rinneadh athbhreithniú ar phlean póilíneachta costáilte tosaigh a cuireadh faoi bhráid an Gharda Síochána ach ní raibh leagan R3 faighte faoi dheireadh na bliana, áfach, agus níorbh fhéidir an ghníomhaíocht a chur i gcrích. |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta [1] | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|
| 7) **Monatóireacht agus measúnú ar fheidhmíocht póilíneachta an Gharda Síochána** | • Meastóireacht mhíosúil á déanamh ag an bhFeidhmeannacht ar Phlean Póilíneachta 2019 mar aon le cuairteanna suímh atá deartha chun fianaise a bhailiú faoi chur i bhfeidhm an Phlean, lena n-áirítear moladh go ndéanfaí roinnt cuairteanna i gcomhpháirt le Cigireacht an Gharda Síochána | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Athbhreithniú agus nuashonrú ar thuairisciú míosúil chun léargas a thabhairt ar Phlean Póilíneachta 2019<br>• Tabhairt faoi roinnt cuairteanna i dteannta le Cigireacht an Gharda Síochána<br>• Creat fianaise don Phlean Póilíneachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme<br>• Prótacail maidir le cuairteanna suímh a fheabhsú, lena n-áirítear ábhair roimh agus i ndiaidh cruinnithe faisnéise<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar fhormáid thuarascáil mhíosúil an Choimisinéara, le béim ar thuairisciú feidhmíochta | Bainte Amach | |
| | • Tuarascáil leathbhliana agus bliana maidir le feidhmíocht GS i gcomparáid leis an bplean póilíneachta a chur i dtoll a chéile | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Tuarascáil iomlán bliana 2018 a chur i dtoll a chéile<br>• Tuarascálacha leathbhliana agus iomlána bliana 2019 a chur i dtoll a chéile | Bainte Amach | |
| | • Cinneadh a dhéanamh maidir le formáid thuarascáil bhliantúil Choimisinéir an Gharda Síochána faoin 28 Feabhra 2019 | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Cruinniú le hOifig um Chumarsáid Chorparáideach GS chun pleananna don Tuarascáil Bhliantúil a phlé<br>• Litir a chur faoi bhráid an Choimisinéara ina léirítear treo na Tuarascála Bliantúla | Bainte Amach | |
| | • Tosaíochtaí Póilíneachta le haghaidh 2020 curtha faoi bhráid an Aire faoi dheireadh Mheán Fómhair 2019 | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Breithnigh an cur chuige maidir le forbairt na dTosaíochtaí Póilíneachta<br>• Tabhair faoi chomhairliúchán maidir leis na Tosaíochtaí Póilíneachta<br>• Cuir na Tosaíochtaí Póilíneachta faoi bhráid an Aire | Bainte Amach | |
| | • Ráiteas Straitéise 2019 -2021 an Gharda Síochána faofa | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Idirchaidreamh leis an nGarda Síochána maidir le forbairt Straitéis 2019-21<br>• Tacú le Coiste PS&P agus le forbairt spriocanna an Údaráis do Straitéis 2019-21<br>• Straitéis 2019-21 a chur faoi bhráid an Aire | Bainte Amach | |
| | • Plean Póilíneachta Bliantúil an Gharda Síochána 2019 faofa agus curtha faoi bhráid an Aire faoin 31 Márta 2019 | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Idirchaidreamh leis an nGarda Síochána maidir le forbairt Phlean Póilíneachta 2019<br>• Tacú le Coiste PS&P agus le forbairt spriocanna an Údaráis do Phlean Póilíneachta 2019<br>Plean Póilíneachta 2019 a chur faoi bhráid an Aire<br>• | Bainte Amach | |
| | • Plean Póilíneachta 2020 faofa agus curtha faoi bhráid an Aire faoi dheireadh Nollaig 2019 | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Idirchaidreamh leis an nGarda Síochána maidir le forbairt Phlean Póilíneachta 2020<br>• Tacú le Coiste PS&P agus le forbairt spriocanna an Údaráis do Phlean Póilíneachta 2020<br>Ceardlann maidir leis an bPlean Póilíneachta a<br>• reáchtáil, más gá Plean Póilíneachta 2020 chur faoi bhráid an Aire | Bainte Amach | |
| | • Freastal ar 6 chruinniú réigiúnacha CFF agus ar 10 gcruinniú roinne CFF | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Sainaithin agus doiciméadaigh an cur chuige maidir le freastal ar chruinnithe CFF<br>• Freastal ar 6 chruinniú réigiúnacha CFF agus ar 10 gcruinniú roinne CFF | Bainte Amach | |

| | Tosaíocht | | Táscairí Feidhmíochta [1] | Príomhrannán | | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 8) | **Monatóireacht a dhéanamh ar Nuachóiriú agus ar Athchóiriú an Gharda Síochána** | • | Meastóireacht mhíosúil agus tuairisciú tréimhsiúil ar chur chun feidhme athraithe laistigh de An Garda Síochána, le tagairt ar leith do shé réimse tosaíochta an Údaráis:<br>- Comhdhéanamh agus Struchtúr an Lucht Oibre<br>- Úsáid Acmhainní an Gharda Síochána<br>- Maoirseacht<br>- Cáilíocht Sonraí<br>- Íospartaigh<br>- Cultúr | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | •<br>•<br>• | Comhaontaigh Téarmaí Tagartha leis an gCoiste um Fhorbairt Eagraíochta<br>Comhaontaigh cur chuige an Choiste maidir le meastóireacht agus tuairisciú tréimhsiúil maidir le cur chun feidhme athraithe<br>Idirchaidreamh leis an nGarda Síochána chun cur chuige maidir le tuairisciú le haghaidh 2019 a chomhaontú | **Bainte Amach** | |
| | | • | Measúnaigh freagairt an Gharda Síochána do agus an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le: | | | | | |
| | | | - déileáil leis na saincheisteanna a eascraíonn ón Iniúchadh ar Chultúr | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • | Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn ar an Iniúchadh ar Chultúr | **Bainte Amach** | |
| | | | - an dul chun cinn atá déanta maidir leis na gCód Eitice a leabú san eagraíocht ar fad | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • | Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a mhéad is atá an Cód Eitice le leabú ar fud na heagraíochta | **Bainte Amach** | |
| | | • | Measúnú (i gcomhpháirt le Cigireacht an Gharda Síochána) ar thuarascáil 2014 na Cigireachta maidir le hImscrúdú Coireachta a bheith á chur chun feidhme ag an nGarda Síochána agus foráil tuairisc a chur ar fáil don Údarás faoin 30 Meitheamh 2018 | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | •<br>• | Anailís ar dhoiciméad mapála GS agus ionchur ábhartha eile, lena n-áirítear plean cur chun feidhme Roinn an Taoisigh le haghaidh measúnú GPRP agus CGS, roimh chruinniú le GS maidir leis na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist.<br>Tuarascáil don Údaráis i Meitheamh 2019 | **Bainte Amach** | |
| | | • | Meastóireacht leanúnach ar dhul chun cinn agus tuairisciú á dhéanamh ag an nGarda Síochána ar phleanáil an lucht oibre, earcaíocht, sannadh sibhialtach agus ath-imlonnú oiriúnach chomhaltaí den Gharda Síochána chuig póilíneacht túslíne | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | •<br>• | Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar phleanáil, sibhialtachú agus ath-imlonnú an lucht oibre trí thuarascálacha agus cruinnithe ilghníomhaireachta<br>Tacú leis an obair atá ar bun ag an gCoiste um Fhorbairt Eagraíochta i ndáil le pleanáil, sibhialtachú agus ath-imlonnú an lucht oibre | **Bainte Amach** | |
| | | • | Leanúint le maoirseacht a dhéanamh ar athbhreithniú GS ar bheartais agus ar nósanna imeachta atá bunaithe don Gharda Síochána chun déileáil le nochtuithe cosanta | Dlí, Beartas agus Taighde | • | Leanúint le rannpháirtíocht le GS i ndáil leis an tuarascáil deiridh a fháil faoi athbhreithniú GS ar Nochtuithe Cosanta agus leanúint le breithmheas a dhéanamh ar an Údarás. | **Níor baineadh é seo amach mar gheall ar fhachtóirí nach bhfuil aon smacht ag an ÚP orthu - tugtha anonn chuig 2020** | Níor fhéidir aon dul chun cinn a dhéanamh de bhrí go rabhthas ag fanacht le hábhar a fháil ó GS. |
| 9) | **Breis rannpháirtíochta le struchtúir phóilíneachta áitiúla agus chomhpháirteacha** | • | Faoi dheireadh mhí Feabhra 2019, nádúr agus méid rannpháirtíocht an Údaráis leis na Coistí Comhpháirteacha Póilíneachta (CCPanna) agus Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (LRPanna) in 2019 a leagan amach | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | •<br>• | Plean rannpháirtíochta CCP a fhorbairt<br>Plean rannpháirtíochta CCP a chur chun feidhme | **Bainte Amach** | |
| | | • | Cruinniú bliantúil Chathaoirligh CCPanna reáchtáilte faoin 30 Meán Fómhair 2019 | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • | Cruinniú bliantúil de Chathaoirligh a eagrú agus a reáchtáil faoin 30 Meán Fómhair | **Bainte Amach** | |

| Tosaíocht | | Táscairí Feidhmíochta [1] | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | • Breithnigh, i bhfianaise na dtograí reachtacha geallta, an obair eatramhach a d'fhéadfadh cabhrú leis na CCPanna le measúnú a dhéanamh ar an bPlean Póilíneachta Áitiúil a sheachadadh faoi Mheitheamh 2019 | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Cruthaigh tacar doiciméad chun cabhrú le CCPanna seachadadh a mheas<br>• Doiciméid a chur in iúl do CCPanna | Ar bun - Tionscadal tugtha anonn chuig 2020 | Dréacht de thacar doiciméad atá cruthaithe agus pleananna chun iad a chur in iúl do CCPanna. |
| | | • Pearsanra an Údaráis ag freastal ar 25 fóram póilíneachta comhpháirteach agus áitiúil eile, i réigiúin éagsúla, lena n-áirítear fóraim phóilíneachta áitiúla i dTuaisceart Éireann | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Freastal ar 25 fóram póilíneachta comhpháirteach agus áitiúil eile, i réigiúin éagsúla, lena n-áirítear fóraim phóilíneachta áitiúla i dTuaisceart Éireann. | Bainte Amach | |
| 10) | Cumas an Údaráis a fhorbairt i réimse Chearta an Duine | • Cumas na heagraíochta comhlíontacht an Gharda Síochána lena oibleagáidí chearta an duine i ngach réimse oibríochta a mhonatóiriú agus a mheas | Dlí, Beartas agus Taighde | • Oiliúint chearta an duine do chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis a shainaithint agus a chinntiú<br>• Rannpháirtíocht le comhlachtaí maoirseachta eile agus le GS maidir le socruithe agus struchtúir reatha | Bainte Amach | |
| | | • Comhairleoir/Saineolaí ar Chearta an Duine a cheapadh | Dlí, Beartas agus Taighde | • Rannpháirtíocht le saineolaí ar chearta an duine chun creat monatóireachta do phóilíniú chearta an duine a fhorbairt agus ról leanúnach monatóireachta | Ar bun - Tionscadal tugtha anonn chuig 2020 | Tá Creat chun measúnú a dhéanamh ar Chearta an Duine á fhorbairt faoi láthair agus é mar aidhm go mbeidh dearbhú cáilíochta á dhéanamh ag saineolaithe seachtracha air. |
| | | • Cuir leis an tuiscint atá ag daoine ar, agus tuairisciú ar oibleagáidí an Údaráis faoi Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 | Dlí, Beartas agus Taighde | • Dul i gcomhairle le IHREC maidir le dualgas Alt 42 agus na socruithe agus an fheasacht chuí a bhunú i measc fhoireann an Údaráis<br>• Sainaithin gníomhaíochtaí in 2019 ar féidir iad a fhorbairt faoi dhualgas Alt 42 agus tuairisciú orthu. | Bainte Amach | |
| 11) | Cur le tuiscint an Údaráis ar an obair idirghníomhaireachta a bhfuil baint ag an nGarda Síochána léi | • Scrúdú a dhéanamh ar an bhFreagairt Chomhpháirteach Gníomhaireachta do Choireacht (FCGC) mar shampla d'obair idirghníomhaireachta chun léargas a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfadh maoirseacht ar obair idirghníomhaireachta oibriú | Dlí, Beartas agus Taighde | • Dréacht-téarmaí tagartha a ullmhú<br>• Meastóireacht a dhéanamh ar phróiseas FCGC don óige | Bainte Amach | |
| 12) | Maoirseacht ar mhórcheisteanna póilíneachta nuair a thagann siad chun solais | • Meastóireacht ar dhul chun cinn atá á dhéanamh ag an nGarda Síochána ar chur chun feidhme gníomhartha comhaontaithe i raon réimsí póilíneachta, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do: | | | | |
| | | - Drochúsáid Ghnéasach Leanaí | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Tacú le maoirseacht leanúnach an Údaráis ar shaincheisteanna a bhaineann le tuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána ar Dhrochúsáid Ghnéasach Leanaí | Bainte Amach | |
| | | - Póilíniú Bóithre | | • Tacú le maoirseacht leanúnach an Údaráis ar shaincheisteanna a bhaineann le Póilíniú Bóithre | Bainte Amach | |
| | | - Athstiúradh Óige | | • Tacú le maoirseacht leanúnach an Údaráis ar shaincheisteanna a bhaineann le hAthstiúradh Óige | Bainte Amach | |

| Tosaíocht | Táscairí Feidhmíochta (1) | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|
| | - Dúnbhású | | • Cur chuige a fhorbairt le haghaidh monatóireacht leanúnach agus dul chun cinn a dhéanamh ar mheastóireacht an Athbhreithnithe Dúnbhásaithe | Bainte Amach | |
| | • Breithniú a dhéanamh ar scrúdú Chigireacht an Gharda Síochána ar phóilíneacht oird phoiblí atá á déanamh ag an nGarda Síochána agus aon ghníomh leantach oiriúnach agus is gá a dhéanamh | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Idirchaidreamh le Cigireacht an Gharda Síochána maidir le hathbhreithniú agus ullmhú na tuarascála<br>Foilsiú agus Seoladh tuarascála faoi Phóilíneacht Oird Phoiblí | Bainte Amach | |
| | • Freagraí a thabhairt ar aon iarratais Aireachta agus tuarascálacha tríú páirtí má bhíonn a leithéid i gceist | le cinneadh de réir an cháis | • Iarratais a fhreagairt nuair a bhíonn siad i gceist | Bainte Amach | Ní bhfuarthas aon iarratais in 2019. |
| 13) **Teacht ar thuiscint níos fearr ar oiliúint agus oideachas an Gharda Síochána** | • Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis Oiliúna an Gharda Síochána | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas earcaíochta agus Stiúrthóir Foghlama & Forbartha a cheapadh in An Garda Síochána<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Oiliúna | Níor baineadh é seo amach mar gheall ar fhachtóirí nach bhfuil aon smacht ag an ÚP orthu - tugtha anonn chuig 2020 | Faomhadh post an Stiúrthóra Foghlama agus Forbartha, ach níorbh fhéidir, áfach, an sprioc seo a chomhlíonadh ina hiomláine mar nach bhfuarthas Straitéis Oiliúna GS. |
| | • Leanúint ar aghaidh le cur i láthair a dhéanamh gach mí d'oiliúnaithe Chéim 3 ar Chlár Bunoiliúna an Gharda Síochána agus le haghaidh cúrsaí atá á gcur ar fáil do Bhaill Foirne atá tar éis ardú céime a fháil de réir mar a cheadaíonn na hacmhainní | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Socruithe a dhéanamh le haghaidh cur i láthair d'earcaigh Chéim 3 an Gharda Síochána agus an sceideal oiliúna a chomhordú<br>• Ábhar cur i láthair agus tacaíochta a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir mar is gá<br>• Leanúint le fiosrú a dhéanamh ar chúrsaí oiliúna poiblíochta GS / Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a bheith á gcur ar fáil ag Coláiste an Gharda Síochána | Bainte Amach | |
| | • Measúnú ar stádas chlúdach oiliúint tiomána an Gharda Síochána faoin 30 Meitheamh 2019 | Dlí, Beartas agus Taighde | • Rannpháirtíocht le GS go luath i R2 chun nuashonrú a fháil maidir le soláthar oiliúna do thiománaithe an Gharda Síochána, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le hoiliúint seachfhoinsithe, agus nuashonrú ar pháipéar a chur ar fáil don Údarás i Meitheamh 2019 | Bainte Amach | |
| 14) **Athbhreithnigh socruithe Rialachais Chorparáidigh an Gharda Síochána** | • Monatóireacht agus measúnú ar éifeachtúlacht na struchtúr agus socruithe laistigh de An Garda Síochána a dhéanann maoirseacht ar fheidhmíocht, a shainaithníonn riosca agus a chuireann eolas ar fáil do dhea-chleachtas i soláthar póilíneachta, lena n-áirítear: | | • | | |
| | - an próiseas CFF | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas CFF | Bainte Amach | |
| | - CFFF | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Monatóireacht a dhéanamh ar rolladh amach CFFF | Bainte Amach | |
| | - Iniúchadh Inmheánach | | • Tacú le maoirseacht an Údaráis ar Iniúchadh Inmheánach in An Garda Síochána agus feidhmeanna a chomhlíonadh de réir mar is gá i ndáil leis an gCoiste Iniúchta | Bainte Amach | |

| Tosaíocht | | Táscairí Feidhmíochta [1] | Príomhrannán | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | - Bainistíocht Riosca | | • Tacú le maoirseacht an Údaráis ar Bhainistíocht Riosca in An Garda Síochána | Bainte Amach | |
| | | - Caighdeáin Ghairmiúla | | • Tacú le maoirseacht an Údaráis ar Chaighdeáin Ghairmiúla in An Garda Síochána | Bainte Amach | |
| | | - Frithéilliú | Dlí, Beartas agus Taighde | • Breithmheas a dhéanamh ar an Údarás i ndáil le riachtanais a bhaineann le meastóireacht GRECO, agus riachtanais an cheistneora réamh-mheastóireachta a chomhlánú lena n-áirítear maoirseacht ar ionchur GS in R2. | Bainte Amach | |
| | | • Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme Chóras Bainistíochta na nUainchlár agus na nDualgas | Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta | • Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme Chóras Bainistíochta na nUainchlár agus na nDualgas | Bainte Amach | |
| | | • Páirt a ghlacadh sa phróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Rialacháin Araíonachta | Dlí, Beartas agus Taighde | • Ionchur an Údaráis Póilíneachta sa reachtaíocht nua ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a ullmhú (sceidealaithe le haghaidh R4) | Níor baineadh é seo amach mar gheall ar fhachtóirí nach bhfuil aon smacht ag an ÚP orthu - tugtha anonn chuig 2020 | Ní raibh an dréacht-reachtaíocht faighte faoi dheireadh na bliana. |
| 15) | **Leanúint le tuiscint a fháil ar na hacmhainní atá ar fáil do An Garda Síochána, an tslí a n-úsáidtear na hacmhainní seo agus an nasc le feidhmíocht** | • Páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Oibre Comhpháirteach ar Acmhainní an Gharda Síochána ar bhonn míosúil | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Freastal ar an ngrúpa oibre agus ar aon fhoghrúpa atá ag tuairisciú nó ag déanamh monatóireachta<br>• Cur chuige a fhorbairt don athbhreithniú ar thuairisciú míosúil ón ngrúpa Athchóirithe agus Acmhainní<br>• Maoirseacht agus cur leis an athbhreithniú ar fheidhm Airgeadais an Gharda Síochána, de réir mar is cuí<br>• Páirt a ghlacadh sa ghrúpa stiúrtha le haghaidh aon RCPA ábhartha nó caiteachas an Gharda Síochána nó athbhreithnithe eile | Bainte Amach | |
| | | • Comhairle a chur ar an Aire maidir le leordhóthanacht Acmhainní an Gharda Síochána faoin 31 Iúil 2019 | Rialachas, Seirbhísí Corparáideacha & Ceapacháin | • Comhairle a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Aire | Bainte Amach | |
| 16) | **Cur le clár an Rialtais maidir le hathchóiriú póilíneachta** | • Struchtúr agus acmhainn Údaráis a bhunú chun cur leis an gclár ar athchóiriú póilíneachta i Ráithe 1 2019 | Príomhfheidhmeannach | • Tacú leis an nGrúpa Oibre um Athchóiriú Póilíneachta a bhunaigh an tÚdarás chun freagairt thapa Údaráis a éascú idir cruinnithe maidir le nithe a thagann chun solais i gcomhthéacs rannpháirtíocht an Údaráis le Clár um Athchóiriú Póilíneachta an Rialtais. | Bainte Amach | |
| | | • Comhairle a chur ar an Aire agus Grúpa Forfheidhmithe de réir mar is cuí de réir mar a fhorbraítear cinneadh an Rialtais | Príomhfheidhmeannach | • Comhairle a chur ar an Aire agus Grúpa Forfheidhmithe de réir mar is cuí de réir mar a fhorbraítear cinneadh an Rialtais | Bainte Amach | |
| | | • Breithniú a dhéanamh ar athbhreithniú ar an gCód Eitice don Gharda Síochána i gcomhthéacs na dtograí reachtacha le haghaidh mhaoirseacht an Gharda Síochána | Príomhfheidhmeannach | • Breithniú a dhéanamh ar athbhreithniú ar an gCód Eitice don Gharda Síochána i gcomhthéacs na dtograí reachtacha le haghaidh mhaoirseacht an Gharda Síochána | Bainte Amach | |

| Tosaíocht | | Táscairí Feidhmíochta [1] | Príomhrannán | | Gníomhartha | An Staid ag Deireadh na Bliana | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | • Dlús a chur faoi thograí le haghaidh athraithe ar bhonn riaracháin más indéanta | Príomhfheidhmeannach | • | Dlús a chur faoi thograí le haghaidh athraithe ar bhonn riaracháin más indéanta | **Bainte Amach** | |

[1] Glactar leis go mbeidh gach táscaire tugtha chun críche faoin 31 Nollaig 2019 mura bhfuil sé sonraithe go sainráite.

**Liosta Giorrúchán úsáidte in Aguisín 1**

CC - Coimisinéir Cúnta
AC&C - An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
CTP - An Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta
CC - Cód Cleachtais
FGL - Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
PÉA - Póilíneacht in Éirinn a Athrú
CIR - An Coiste Iniúchta agus Riosca
CSO - An Phríomh-Oifig Staidrimh
RDCC - An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
CBD - An Córas Bainistíochta Doiciméad
RCPA - An Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe
DPP - An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
ENAR - An Líonra Eorpach i gcoinne an Chiníochais
FMS - Fógra Muirir Sheasta
SCBA - Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais
RGCS - An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
CGS - Cigireacht an Gharda Síochána
GS - An Garda Síochána
SIGS - Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána
GSOC - Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
ACGGS - An tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána
IHREC - Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
II - Iniúchadh Inmheánach
CCP - Coiste Comhpháirteach Póilíneachta
TAS - Tástáil Alcóil Shainordaithe
TMS - Tástáil Ábhar Meisciúil Shainordaithe
CNA - Clár Nuachóirithe agus Athbhreithnithe
ENRanna - Eagraíochtaí Neamhrialtasacha
OSR - Oifig um Sholáthar Rialtais
ÚP - An tÚdarás Póilíneachta
SCP - An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
CBFF - Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta
RSA - An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
IT - Iarraidh ar Thairiscint
FBS - An Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach

An TÚdarás Póilíneachta
Policing Authority

# ATHBHREITHNIÚ AR 2019

**15**
**CRUINNIÚ ÚDARÁIS**

**25**
**CRUINNIÚ COISTE**

## ATHSTIÚRADH ÓIGE

Rinneadh grinnscrúdú ar thuarascálacha eatramhacha agus deiridh maidir le Clár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. Reáchtáladh cruinniú poiblí breise an Údaráis i mí Eanáir chun an t-ábhar seo a phlé. Leanadh le béim a leagan ar thorthaí araíonachta gaolmhara an Gharda Síochána.

## AN CÓD EITICE

Cuireadh ceisteanna maidir le líon na ndaoine a raibh an Cód Eitice sínithe acu. Rinneadh monatóireacht ar leabú an Chóid. Pléadh torthaí an Iniúchta Cultúir agus roinn an Coimisinéir a fhís don chultúr in An Garda Síochána.

## ATHBHREITHNIÚ DÚNBHÁSAITHE

Leanadh le béim a leagan ar an Athbhreithniú um Imscrúdú ar Dhúnbhásanna. Pléadh é seo ag 6 chruinniú Coiste agus ag 6 chruinniú Údaráis. Fuarthas an tuarascáil deiridh i mí na Samhna agus leanfar leis an maoirseacht ar chur chun feidhme na moltaí.

## PLEAN PÓILÍNEACHTA FORLÉARGAS AR FHIANAISIÚ

Reáchtáladh clár cuimsitheach fianaisithe a rinne athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an 103 tionscnamh laistigh den Phlean Póilíneachta. Pléadh torthaí an chláir fianaisithe seo le comhaltaí agus baill foirne sinsearacha an Gharda Síochána ag cruinnithe Coiste agus Údaráis.

**81** **RANNPHÁIRTÍOCHT**

**264** **GNÍOMH FIANAISITHE**

## CEAPACHÁIN SHINSEARACHA AN GHARDA SÍOCHÁNA

**1**
**STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN**

**9**
**ARD-CHEANNFORT**

**28**
**CEANNFORT**

**10**
**PRÍOMHOIFIGEACH**

AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

# ATHBHREITHNIÚ AR 2019

**3**
IMEACHT SPEISIALTA

**11**
FOILSEACHÁN

**12**
CRUINNIÚ LE PÁIRTITHE LEASMHARA

## PÓILÍNEACHT OIRD PHOIBLÍ

Foilsíodh athbhreithniú ar Phóilíneacht Oird Phoiblí in Éirinn, a rinne an tÚdarás thar ceann Chigireacht an Gharda Síochána. Pléadh na torthaí leis An Garda Síochána ag cruinniú poiblí.

## PÓILÍNIÚ BÓITHRE

Rinneadh monatóireacht agus measúnú ar chur chun feidhme 30 moladh a bhain le Fógraí Muirir Sheasta agus Tástáil Meisce Shainordaitheach. Tugadh dúshlán An Gharda Síochána go rialta maidir le hoiliúint tiománaithe.

## STRUCHTÚR AN GHARDA SÍOCHÁNA

Cuireadh obair maidir le hathrú suntasach struchtúrtha i gcrích le An Garda Síochána, lena n-áirítear an tSamhail Oibriúcháin nua, agus athrú ar an lucht oibre. Leagadh béim ar an ngá atá le haird a dhíriú ar bhonn práinneach agus leanúnach ar chumasóirí athraithe — TFC, Airgeadas, AD, agus Cóiríocht.

## SPARÁNACHT

Bronnadh dhá sparánacht tionscnaimh arbh fhiú €35,000 iad

## TAIGHDE AR ÍOSPARTAIGH

Bronnadh conradh chun tabhairt faoi thaighde ar eispéiris íospartach coireachta

## ATHBHREITHNIÚ

Coimisiúnaíodh athbhreithniú ar Scéim um Rabhadh Aosach an Gharda Síochána



● CRUINNITHE AN CHOISTE CHOMHPHÁIRTIGH PÓILÍNEACHTA AR FREASTALAÍODH ORTHU

● CRUINNITHE AN CHREATA CUNTASACHTA FEIDHMÍOCHTA AR FREASTALAÍODH ORTHU

## EOLAS EAGRAÍOCHTA

SEOLADH SUÍOMH GRÉASÁIN NUA I MÁRTA

**33**
FOSTAÍ

**€2.7m**
CAITEACHAS TUARTHA

### TOSAÍOCHTAÍ CORPARÁIDEACHA



## Aguisín 3 – Staitistic Comórtais do Cheapacháin Shinsearacha an Gharda Síochána 2019

| Comórtas Roghnúcháin: Ard-Cheannfort 2019 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **De réir na céime** | **Líon na nIarratasóirí** | **De réir inscne** | **Líon na nIarratasóirí** | **De réir na hEagraíochta Fostaíochta** | **Líon na nIarratasóirí** |
| **Ceannfort** | 51 | **Fir** | 50 | **An Garda Síochána** | 56 |
| **Céimeanna eile** | 6 | **Mná** | 7 | **PSNI** | 1 |
| **Iomlán** | **57** | **Iomlán** | **57** | **Iomlán** | **57** |
| **Comórtas Roghnúcháin: Ceannfort 2019** | | | | | |
| **De réir na céime** | **Líon na nIarratasóirí** | **De réir inscne** | **Líon na nIarratasóirí** | **De réir na hEagraíochta Fostaíochta** | **Líon na nIarratasóirí** |
| **Cigire** | 92 | **Fir** | 79 | **An Garda Síochána** | 89 |
| | | **Mná** | 13 | **PSNI** | 3 |
| **Iomlán** | **92** | **Iomlán** | **92** | **Iomlán** | **92** |

| Painéil bunaithe agus Ceapacháin 2019 | | | |
|---|---|---|---|
| **Céim** | **Líon na n-iarrthóirí ar an bpainéal** | **Líon na n-iarrthóirí ceaptha (ar an 31/12/19)** | **Dáta Éaga an Phainéil** |
| **Ard-Cheannfort** | **10** | 0 | 26/11/20 |
| **Ceannfort** | **32** | 10 | 23/07/20 |

## Aguisín 4 - Tuarascáil Airgeadais Achomair 2019

Tá achoimre ar chaiteachas in 2019[9] ar Vóta an Údaráis le fáil sa tábla thíos.

| Achoimre Airgeadais ar Vóta an Údaráis Póilíneachta 2019 | | |
|---|---|---|
| **Fo-cheannteideal** | **Soláthar sna Meastacháin** | **Caiteachas** |
| | **€000** | **€000** |
| **A.1. (i) Tuarastail, Pánna agus Liúntais** | | |
| Tuarastail, etc. | 2,176 | 1,932 |
| Ragobair | 0 | 0 |
| **Iomlán A.1. (i)** | **2,176** | **1,932** |
| | | |
| **A.2. (ii) Taisteal agus Cothú** | | |
| 1. Taisteal agus Cothú | 50 | 49 |
| 2. Íocaíocht Fritháirimh Astaíochtaí Aerthaistil | 0 | 0 |
| **Iomlán A.2. (ii)** | **50** | **49** |
| | | |
| **A.2. (iii) Oiliúint agus Forbairt agus Costas Teagmhasach** | | |
| 1. Oiliúint & Forbairt Foirne | 60 | 66 |
| 2. Caidreamh Poiblí agus Fógraíocht | 65 | 1 |
| 3. Cruinnithe Poiblí | 40 | 39 |
| 4. Foilseacháin, Tuarascálacha, Tréimhseacháin etc. | 20 | 15 |
| 5. Siamsaíocht | 10 | 18 |
| 6. Ilghnéitheach | 335 | 246 |
| 7. Táillí agus Costais Comhaltaí | 215 | 252 |
| **Iomlán A.2. (iii)** | **745** | **637** |
| | | |
| **A.2. (iv) Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide** | 11 | 1 |
| Seirbhísí Poist | 39 | 11 |
| Teileachumarsáid | **50** | **12** |
| **Iomlán A.2. (iv)** | | |
| | | |
| **A.2. (v) Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF** | | |
| 1. Ríomhaire, etc. (Reatha) | 105 | 133 |
| 2. Trealamh & Stáiseanóireacht Oifige | 20 | 17 |
| **Iomlán A.2. (v)** | **125** | **150** |
| | | |
| **A.2. (vi) Costais Áitreabh Oifige** | | |
| 1. Cothabháil | 39 | 35 |
| 2. Teas, Solas & Breosla | 36 | 27 |
| 3. Troscán & Feistis | 55 | 2 |
| **Iomlán A.2. (vi)** | **130** | **64** |
| | | |
| **A.2. (vii) Seirbhísí Comhairleachta agus Athbhreithnithe ar Luach ar** | 100 | 1 |
| **Airgead agus ar Bheartais** | **3,376** | **2,845** |
| **Caiteachas Iomlán** | | |
| **Iúide** | | |
| **B. Leithreasaí-i-gCabhair.** | 52 | 65 |
| Tobhach Pinsin | **52** | **65** |
| **Iomlán A-in-A** | | |
| **Glanchaiteachas** | **3,324** | **2,780** |

[9] Faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Aguisín 5 – Struchtúr Eagraíochta



## Aguisín 6 – Ráiteas ar Rialú Inmheánach an Chathaoirligh

Admhaím freagracht an Údarás as an gcóras de rialú inmheánach.

Ní féidir le haon chóras de rialú inmheánach dá leithéid ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú absalóideach a sholáthar i gcoinne earráid ábhartha. Nuair a bhíonn éifeachtacht na rialuithe inmheánacha á mbreithniú, thug an tÚdarás aird air, i measc rudaí eile, ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus tá gach iarracht déanta aige ó bunaíodh é agus tá sé ag leanúint, i rith 2019, le ceanglais an Chóid a leanúint chomh fada agus is cuí do ghníomhaireacht bheag, neamhthráchtála, neamhspleách.

Tá na nósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm, atá deartha chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar, saincheaptha chun léargas a thabhairt ar mhéid agus ar chastacht na heagraíochta agus chun léargas a thabhairt ar nádúr forbarthach an Údaráis i rith a cheathrú bliain i mbun feidhme. Sa chomhthéacs seo, thug mé faoi deara gur bhain céatadán suntasach de chaiteachas an Údaráis in 2019 le costais phá a bhí á riaradh ag an Ionad Comhroinnte Párolla san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) agus ina dhiaidh sin, tá siad faoi réir na gcóras de rialú inmheánach, lena n-áirítear iniúchadh inmheánach, atá bunaithe san eagraíocht sin. Cuireann ONSC agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí eile AD, TFC agus próiseála idirbheart airgeadais i gcrích thar ceann an Údaráis.

Tá céimeanna curtha i gcrích ag an Údarás lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe cuí ann tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Deighilt shoiléir a dhéanamh idir feidhmeanna agus cumhachtaí an Údaráis agus na Feidhmeannachta;
- Ceanglais tuairiscithe rialta a bhaineann le cúrsaí airgeadais, rioscaí agus rialachais a shonrú;
- Coiste Iniúchta agus Riosca a bhunú;
- Cóid Iompair do chomhaltaí agus do bhaill foirne an Údaráis a bhunú agus a fhoilsiú;
- A chinntiú go bhfuil dóthain oiliúna agus taithí ag na baill foirne; agus
- Iarracht a dhéanamh cultúr agus luachanna láidre a bhunú, a spreagann ardchaighdeáin d’iompar eiticiúil ar fud na heagraíochta.

I rith 2019, thug an tÚdarás aird leanúnach ar fheidhmiú a chórais bainistíochta riosca chun rioscaí gnó a shainaithint agus chun a n-impleachtaí a mheas. Tá maoirseacht á déanamh ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar an gcóras Bainistíochta Riosca. Is mír sheasta ar an gclár oibre ag cruinnithe míosúla an Údaráis é riosca áit a ndéantar athbhreithniú ar an tuarascáil Bainistíochta Riosca, áit a ndéantar monatóireacht ar rioscaí suntasacha agus gníomhartha maolaithe, agus áit a ndéantar iarracht déileáil le riosca i gcomhthéacs chinntí suntasacha uile an Údaráis.

Áirítear i measc na nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha:

**An Coiste Iniúchta agus Riosca**
Bhuail an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile 4 huaire in 2019. Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil an Choiste faoi bhráid an Údaráis agus tá an Tuarascáil ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis anois. Táim sásta gur chomhlíon an Coiste a ról go cuí i rith na bliana.

Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an tÚdarás athbhreithniú ar an Ráiteas seo lena chinntiú go dtugtar léargas ann ar an gcóras rialaithe a bhí i bhfeidhm i rith na tréimhse tuairiscithe. Tá

athbhreithniú ar an gcóras rialuithe inmheánacha, a chuir an soláthróir iniúchta inmheánaigh ar fáil in Eanáir 2020, ag tacú leis an measúnú seo.

**Rialuithe Airgeadais agus Bainistíochta**
Tá rialuithe airgeadais cuí i bhfeidhm agus doiciméadaithe, lena n-áirítear nósanna imeachta airgeadais, deighilt dualgas, maoirseacht chuí, teorainneacha údaraithe agus faofa, próisis chuntasaíochta, rialú ar shócmhainní fisiciúla agus athbhreithniú bainistíochta.

Tá córais bhuiséid agus mhonatóireachta cuí i bhfeidhm bunaithe ar thaifid airgeadais atá á gcoimeád ag na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi Chomhaontú Seirbhísí Comhroinnte. Tá dearbhú faighte ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne maidir le leordhóthanacht na gcóras seo agus na rialuithe inmheánacha gaolmhara. Tá breis córas oibríochtúil chun cur ar chumas an Údaráis faisnéis a bhainistiú bunaithe nó á bhforbairt de réir na ngníomhaíochtaí agus na gceanglas gnó.

Tá na rialacha agus treoirlínte soláthair ábhartha reatha atá sonraithe ag Oifig um Sholáthar Rialtais á gcomhlíonadh ag an Údarás.

Rinne an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha in Eanáir 2020.

**Iniúchadh Inmheánach**
Bunaíodh feidhm iniúchta inmheánaigh don Údarás in Eanáir 2017 i ndiaidh próiseas soláthair a reáchtáil chun an fheidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú. In Eanáir 2017 síníodh conradh trí bliana le Crowleys DFK faoi Chairt Iniúchta Inmheánaigh. Cuireadh síneadh bliana leis an gconradh faoi théarmaí an chonartha reatha. Reáchtáladh ceithre iniúchadh inmheánacha in 2019. Lena chois sin, rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht agus ar rialú in Eanáir 2020.

Nuair a bhí athbhreithniú á dhéanamh ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht an chórais Rialaithe Inmheánaigh, chuathas ar iontaoibh na nithe seo a leanas:

- Pleanáil agus obair iniúchta rioscabhunaithe fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh curtha i gcrích in 2019, agus tuarascálacha iniúchta inmheánacha gaolmhara, go háirithe an t-athbhreithniú bliantúil a rinneadh ar rialuithe inmheánacha in Eanáir 2020;
- Tuarascálacha agus athbhreithnithe bainistíochta, lena n-áirítear dul chun maidir le moltaí iniúchta, tosaíochtaí corparáideacha agus gníomhartha an Údaráis a chur chun feidhme;
- Clár Rioscaí an Údaráis;
- Ba é an Coiste Iniúchta agus Riosca a rinne an obair seo;
- Tuarascáil AC&C maidir leis an iniúchadh a rinne siad ar an gCuntas Leithreasa; agus
- Dearbhuithe ó eagraíochtaí seachtracha a bhfuil feidhmeanna seachfhoinsithe chucu, lena n-áirítear:
    - Ón Ard-Rúnaí, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i ndáil le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais;
    - Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais;
    - Ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le TFC; agus
    - Ó ONSC maidir le soláthar AD agus Seirbhísí Comhroinnte Párolla.

Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach mar chuid den iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa lena

dheimhniú go bhfuil ceanglais Mhír 1.9 (iv) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á gcomhlíonadh ag an Údarás agus go bhfuil sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá ar eolas acu bunaithe ar a gcuid oibre iniúchta.

**Bob Collins**
**Cathaoirleach**
**An 31 Márta 2019**

# Aguisín 7 – Úsáid Fuinnimh 2019

Úsáid Fuinnimh a Bhainistiú

Tá an tÚdarás Póilíneachta lonnaithe ar urlár amháin i bhfoirgneamh ina bhfuil cúig urlár ag 90 Sráid an Rí Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. I rith 2019 ceapadh fostaí nua amháin, agus bhí 33 ball foirne ar fad ann ar an 31 Nollaig 2019.

Tá an tÚdarás tiomanta do phlean uile-Rialtais maidir le laghdú carbóin.

Bhí gach nós imeachta cuí chun úsáid fuinnimh a bhainistiú i bhfeidhm laistigh den Údarás in 2019, lena n-áirítear:

- Lean an tÚdarás lena iarracht chun úsáid fuinnimh a laghdú agus tá roinnt tionscnamh bunaithe chun baill foirne a spreagadh chun an staighre a úsáid nuair is féidir, agus lena chinntiú go múchtar an trealamh leictreach cuí agus na soilse agus an teas ag deireadh an lae.
- Tá uaineadóirí feistithe ar théitheoirí uisce agus ar an gcoire uisce rud ba chúis leis an ídiú fuinnimh a laghdú 67%.
- Tá Foireann Ghlas bunaithe chun teacht ar bhealaí le feabhsuithe a dhéanamh.
- Tá eolas maidir le hídiú fuinnimh an Údaráis le fáil sa tuarascáil bhliantúil atá curtha faoi bhráid Fhuinneamh Inmharthana na hÉireann ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Rinneadh ionadaíocht ar an Údarás ag Fóram Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh na hEarnála Dlí agus Cirt agus ag Fóram Fuinnimh na hEarnála Poiblí 2020 agus tá sé sásta gach deis foghlama a thapú agus smaointe agus bearta a shainaithint chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus cabhrú le carbón a laghdú agus le tionscnaimh ghlasa eile.

## Ag Dul i dTeagmháil leis an Údarás Póilíneachta

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Póilíneachta:


Tríd an bPost: An tÚdarás Póilíneachta

An 4ú hUrlár

90 Sráid an Rí Thuaidh

Baile Átha Cliath 7

D07 N7CV

Ar an teileafón: +353 1 858 9090

Tríd an ríomhphost: info@policingauthority.ie

Ar an láithreán gréasáin: www.policingauthority.ie